City of Dublin

Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board



# Tuarascáil Bhliantúil 2024

# Clár na nÁbhar


Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh ..... 1

Teachtaireacht an Chathaoirligh ..... 2

Ráiteas an Bhoird ..... 4

Misean, Fís, Creideamh agus Gealltanais ..... 15

Cúlra agus Faisnéis Staitistiúil ..... 18

Tuarascáil Fuinnimh ..... 21

Cairt Eagrúcháin ..... 28

Éachtaí ..... 30

*Scoil Náisiúnta Phobail, Pobalscoil Speisialta, Scoileanna Ospidéil Pobail agus Coláistí Pobail* ..... *31*

*Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)* ..... *36*

*Seirbhísí Óige* ..... *49*

*SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn)* ..... *56*

*Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD)* ..... *59*




# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



## Tá bród ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath as Tuarascáil Bhliantúil 2024 a chur i láthair.

Leagtar béim leis an tuarascáil bhliantúil seo ar ár n-éachtaí agus léirítear an dul chun cinn a rinneadh ar fud ár scoileanna, ár n-ionaid agus ár seirbhísí i rith na bliana.

In 2024, osclaíodh Pobalscoil Speisialta - An Cosán go hoifigiúil. Thairis sin, fógraíodh i mbliana go mbeidh foirgneamh buan don Pobalscoil Speisialta - An Cosán san áireamh sa champas atá beartaithe i bhFionnbhrú, an campas ilscoile is mó riamh sa stát. Tá lúcháir ar BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, mar sholáthraí stáit an oideachais chomhoideachais agus il-sainchreidmheach, a bheith chun tosaigh san fhorbairt chinniúnach nua spreagúil seo.

Ba chloch mhíle mhór i gcomhdhlúthú na soláthairtí FET uile bunú Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath, ina bhfuil deich ndámh scaipthe ar fud shuíomhanna ár gcampas sa chathair. Cabhróidh an fhorbairt sin linn roghanna FET ar ardchaighdeán a sholáthar chun freastal ar riachtanais athraitheacha na ndaoine agus na sochaí i gCathair Bhaile Átha Cliath, rud a neartóidh ár ngealltanas chun seirbhís FET aontaithe a sheachadadh a bhfuil Aistear an Fhoghlaimeora mar chroílár di. Ba mhór an onóir dúinn Gradam Eagraíochtúil John Kelly as Sármhaitheas Comhoibrithe i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) a fháil, arna bhronnadh ag AHEAD ag searmanas mhí Dheireadh Fómhair, rud a léirigh gealltanas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath don dearadh uilíoch agus don ionchuimsiú.

In 2024, bronnadh deimhniú óir ar SUSI i scéim Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe NSAI don dara bliain as a chéile. Ba bhliain shuntasach í freisin do SUSI agus é ag comhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus leis an Údarás um Ard-Oideachas chun píosaí taighde tábhachtacha nua a sheachadadh i réimse na dtacaíochtaí do mhic léinn.

Lean ár Seirbhísí Óige dá gcuid oibre nuálaíochta agus, mar shampla de sin, d'fhreastail 250 duine óg ar Imeacht Glórtha Óige Chathair Bhaile Átha Cliath an 13 Feabhra le haghaidh cruinniú comhchéime le lucht ceaptha beartas, agus comhroinneadh dea-chleachtas agus seoladh físeán.

Tharla forbairt mhór i dtéarmaí athrú eagraíochta agus córais in 2024 agus cuireadh Tionscadal Comhdhlúthaithe Airgeadais BOO Chathair Bhaile Átha Cliath chun feidhme go rathúil. Sheolamar córas Ceannach go hÍocaíocht (P2P) nua agus nuashonraíomar ár gCóras Bainistíochta Airgeadais SUN V6.4 an 1 Eanáir 2024. Tá cur chun feidhme rathúil uasghrádú P2P agus SUN bogtha go Gnó mar is Gnách anois agus tá sé fite fuaite go hiomlán san eagraíocht.

Bhí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath bródúil as comhoibriú leis na 15 BOO eile ar fud na tíre agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) chun na cúig phríomhthosaíocht don earnáil BOO a chur chun cinn roimh olltoghchán 2024. Ba chuid den fheachtas náisiúnta #TacaighLeDoBOOÁitiúil é sin, a d'iarr ar iarrthóirí toghcháin ar fud na cathrach a dtacaíocht a ghealladh dár gcuid oibre dá dtoghfaí iad.

I mbliana bunaíodh Bord nua BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, agus tá ról ríthábhachtach ag a thacaíocht agus a thiomantas luachmhar chun an caighdeán soláthair is airde a sheachadadh ar fud ár seirbhísí uile. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom moladh a thabhairt do dhíograis agus do ghairmiúlacht fhoireann iomlán BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, a oibríonn gan staonadh chun freastal ar riachtanais athraitheacha mhuintir Chathair Bhaile Átha Cliath.

**An Dr. Christy Duffy**
**Príomhfheidhmeannach**

# Teachtaireacht an Chathaoirligh



**In 2024, lean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag soláthar réimse leathan clár, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.**

Ba mhaith liom aitheantas agus moladh a thabhairt do gach ball foirne agus foghlaimeoir as a gcuid oibre crua agus a ndíograis i rith na bliana.

Tá raon modhanna cumarsáide teicneolaíochta glactha go héifeachtach ag an bhfoireann, rud a shaibhríonn eispéiris teagaisc agus foghlama araon. Tá an nuálaíocht sin tar éis comhoibriú láidir a chothú i ngach réimse de BOO, rud a rinneadh indéanta a bhuíochas le hiarrachtaí luachmhara ár bhfoirne riaracháin, TF, airgeadais agus cothabhála. Déanaim comhghairdeas le gach duine a bhí páirteach as a ngealltanas agus a n-éachtaí.

Tá cur chun feidhme leanúnach ár *Ráitis Straitéise 2023-2025* mar phríomhfhócas. Bhí an obair i ndlúthchomhar leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta agus le mo chomhghleacaithe Boird araon luachmhar agus riachtanach chun an straitéis seo a chur chun cinn.

Bhí obair ríthábhachtach Bhord agus choistí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath fós láidir in 2024 freisin. Mar Chathaoirleach, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhaltaí den Bhord as a ndíograis agus a dtreoraíocht. Táimid ag tnúth le leanúint dár gcuid oibre le chéile chun tacú le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2025.

**An Comhairleoir Keith Connolly**
**Cathaoirleach**

# Ráiteas an Bhoird

# 01.

# Ráiteas an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú cuí a fheidhmeanna i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i limistéir údaráis áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0002/2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna go dtí an 24 Samhain 2024, agus an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna 2024, Ciorclán 0083/2024 na Roinne Oideachais agus Scileanna ón 25 Samhain 2024 ar aghaidh. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath prionsabail an dea-rialachais agus an dea-bhainistithe i bhfeidhm.

## Feidhmeanna Bhord BOO

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí a ghlacann an Bord agus tá siad leagtha amach in Alt 12(2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus i gCiorcláin 0002/2019 agus 0083/2024 Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a rialú, agus tá sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh i ndáil le calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus ar staid chúrsaí an Bhoird.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord an méid seo a leanas a dhéanamh:

**(a)** Na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm i leith ullmhú ráitis airgeadais BOO.

**(b)** Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.

**(c)** Imeachtaí ábhartha ar bith ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú.

Le linn 2024, d'fhormheas an Bord an doiciméadacht seo a leanas:

- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil.
- Ráitis Airgeadais.
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse.
- Freastal údaraithe comhaltaí ar chomhdhálacha.
- Formheasadh fáil, sealbhú agus diúscairt talún nó leasa de réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí.

## Comhaltas an Bhoird (Nollaig 2024)

### Ionadaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

- An Comhairleoir Keith Connolly *(Cathaoirleach)*
- An Comhairleoir Vincent Jackson
- An Comhairleoir Donna Cooney
- An Comhairleoir Declan Flanagan
- An Comhairleoir Jesslyn Henry
- An Comhairleoir Rory Hogan
- An Comhairleoir Dermot Lacey
- An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha
- An Comhairleoir Carolyn Moore
- An Comhairleoir Cat O'Driscoll
- An Comhairleoir Colm O'Rourke
- An Comhairleoir Gayle Ralph

### Ionadaithe Foirne

- An tUas. Audrey Cepeda *(Leas-Chathaoirleach)*
- An tUas. Malachy Farrell

### Ionadaithe Tuismitheoirí

- An tUas. Pamela Raftery
- An tUas. Niall Donald

### Ionadaithe ceaptha faoi Alt 30(d) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna

| | |
|---|---|
| An tUas. Bernadette Bourke | ainmnithe ag ACCS/JMB/NAPD |
| An tUas. Adrian Cummins | ainmnithe ag IHI (i gcomhar le RAI) |
| An tUas. Denise McMorrow | ainmnithe ag THEA |
| An tUas. Michael Smyth | ainmnithe ag ICTU |
| An tUas. Aidan Sweeney | ainmnithe ag IBEC |

## Cruinnithe Boird

Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire san iomlán in 2024. Tháinig an Bord le chéile ceithre huaire idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2024. I ndiaidh Thoghcháin Áitiúla mhí an Mheithimh 2024, bunaíodh Bord nua agus tháinig sé le chéile cúig huaire go dtí mí na Nollag 2024.

| Tinreamh Chomhaltaí an Bhoird Eanáir – Meitheamh 2024 | Ean 18/01/2024 | Fea 15/02/2024 | Már 21/03/2024 | Már 27/03/2024 | Tinreamh Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| An Comhairleoir Keith Connolly *(Cathaoirleach)* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An Comhairleoir Vincent Jackson *(Leas-Chathaoirleach)* | ✓ | ✓ | ✓ | X | 3/4 |
| An Comhairleoir Danny Byrne | X | ✓ | ✓ | ✓ | 3/4 |
| An Comhairleoir Mary Callaghan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An Comhairleoir Caroline Conroy | ✓ | ✓ | ✓ | X | 3/4 |
| An Comhairleoir Donna Cooney | X | ✓ | ✓ | ✓ | 3/4 |
| An Comhairleoir Dermot Lacey | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An Comhairleoir Mícheál MacDonncha | ✓ | X | X | X | 1/4 |
| An Comhairleoir Declan Meenagh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An Comhairleoir Sophie Nicoullaud | ✓ | X | ✓ | X | 2/4 |
| An Comhairleoir Cat O'Driscoll | ✓ | ✓ | X | X | 2/4 |
| An Comhairleoir Catherine Stocker | X | ✓ | Scortha | | 1/2 |
| An tUas. Audrey Cepeda | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An tUas. Gerard Cunningham | X | X | ✓ | ✓ | 2/4 |
| An tUas. Diane Cronin | X | ✓ | X | X | 1/4 |
| An Dr. Bryan MacDonald | X | X | X | X | 0/4 |
| An tUas. Michael Blanchfield | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An tUas. John Carr | ✓ | ✓ | X | ✓ | 3/4 |
| An Dr. Bairbre Flemming | ✓ | X | ✓ | X | 2/4 |
| An Dr. Shira Mehlman | ✓ | ✓ | X | ✓ | 3/4 |
| An Dr. Noel O'Connor | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |

| Tinreamh Chomhaltaí an Bhoird Meitheamh – Nollaig 2024 | Meán 05/09/2024 | Meán 05/09/2024 | Meán 19/09/2024 | Deir 17/10/2024 | Samh 21/11/2024 | Tinreamh Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Comhairleoir Keith Connolly *(Cathaoirleach)* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An Comhairleoir Vincent Jackson | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An Comhairleoir Donna Cooney | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An Comhairleoir Declan Flanagan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | 4/5 |
| An Comhairleoir Jesslyn Henry | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An Comhairleoir Rory Hogan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | 4/5 |
| An Comhairleoir Dermot Lacey | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An Comhairleoir Mícheál MacDonncha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | 4/5 |
| An Comhairleoir Carolyn Moore | ✓ | ✓ | ✓ | X | X | 3/5 |
| An Comhairleoir Cat O'Driscoll | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An Comhairleoir Colm O'Rourke | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | 4/5 |
| An Comhairleoir Gayle Ralph | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | 4/5 |
| An tUas. Audrey Cepeda *(Leas-Chathaoirleach)* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An tUas. Malachy Farrell | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | 4/5 |
| An tUas. Pamela Raftery | N/A | ✓ | ✓ | ✓ | X | 3/4 |
| An tUas. Niall Donald | N/A | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/4 |
| An tUas. Bernadette Bourke | N/A | N/A | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An tUas. Adrian Cummins | N/A | N/A | ✓ | X | X | 1/3 |
| An tUas. Denise McMorrow | N/A | N/A | ✓ | ✓ | X | 2/3 |
| An tUas. Michael Smyth | N/A | N/A | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An tUas. Aidan Sweeney | N/A | N/A | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |

## Cruinnithe an Choiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire in 2024. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile trí huaire idir mí Eanáir agus mí an Mheitheamh 2024. I ndiaidh Thoghcháin Áitiúla mhí an Mheithimh 2024, bunaíodh Bord Airgeadais nua agus tháinig sé le chéile uair amháin roimh mhí na Nollag 2024.

| Tinreamh an Choiste Airgeadais Eanáir - Meitheamh 2024 | Comhalta Inmheánach/ Seachtrach | 06/02/2024 | 25/03/2024 | 27/06/2024 | Tinreamh Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUas. Seán Paul Mahon *(Cathaoirleach)* | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An Comhairleoir Keith Connolly | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An tUasal Michael Donnelly | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An Comhairleoir Dermot Lacey | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |

| Tinreamh an Choiste Airgeadais Meitheamh - Nollaig 2024 | Comhalta Inmheánach/ Seachtrach | 26/11/2024 | Tinreamh Iomlán |
|---|---|---|---|
| An tUas. Seán Paul Mahon *(Cathaoirleach)* | Seachtrach | ✓ | 1/1 |
| An tUasal Michael Donnelly | Seachtrach | ✓ | 1/1 |
| An Comhairleoir Dermot Lacey | Inmheánach | ✓ | 1/1 |
| An tUas. Denise McMorrow | Inmheánach | ✓ | 1/1 |
| An tUas. Declan Meenagh | Seachtrach | ✓ | 1/1 |
| An tUas. Guss O'Connell | Seachtrach | ✓ | 1/1 |

## Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire in 2024. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile trí huaire idir mí Eanáir agus mí an Mheitheamh 2024. I ndiaidh Thoghcháin Áitiúla mhí an Mheithimh 2024, bunaíodh Coiste nua Iniúchóireachta agus Riosca agus tháinig sé le chéile uair amháin roimh mhí na Nollag 2024.

| Tinreamh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Eanáir - Meitheamh 2024 | Comhalta Inmheánach/ Seachtrach | 01/02/2024 | 14/03/2024 | 23/05/2024 | Tinreamh Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUas. Cathal Kearney *(Cathaoirleach)* | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An tUas. Mary Armstrong | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An tUas. Michael Blanchfield | Inmheánach | ✓ | X | ✓ | 2/3 |
| An tUas. Patrick Hopkins | Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An tUas. Seán McKeon | Seachtrach | ✓ | ✓ | X | 2/3 |
| An Dr. Shira Mehlman | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| An Dr. Noel O'Connor | Inmheánach | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |

| Tinreamh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Meitheamh - Nollaig 2024 | Comhalta Inmheánach/ Seachtrach | 13/11/2024 | Tinreamh Iomlán |
|---|---|---|---|
| An Dr. Shira Mehlman (Cathaoirleach) | Seachtrach | ✓ | 1/1 |
| An tUas. Mary Armstrong | Seachtrach | ✓ | 1/1 |
| An tUas. Bernadette Bourke | Inmheánach | X | 0/1 |
| An tUas. Audrey Cepeda | Seachtrach | ✓ | 1/1 |
| An tUas. Niall Donald | Inmheánach | ✓ | 1/1 |
| An tUas. Patrick Hopkins | Inmheánach | X | 0/1 |
| An tUas. Cathal Kearney | Inmheánach | ✓ | 1/1 |

## Bainistíocht Riosca

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn an Bord go ndearnadh measúnú ar na príomhrioscaí agus ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2024. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnamh don Bhord maidir leis an bhfeidhm bainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar a thuarascálacha, chomh maith le hiniúchadh bliantúil AC&C (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) agus aon iniúchadh seachtrach eile amhail iniúchadh CSTE agus/nó Iniúchadh ar Ioncam. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Tá obair le Comhlachtaí Poiblí na hÉireann agus comhghleacaithe earnála ar bun ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath chun próiseas láidir bainistíochta riosca a chur chun feidhme agus bainistíocht riosca a leabú i ngach cuid dár n-oibriúcháin. Tá Clár Rioscaí Corparáideach mionsonraithe i bhfeidhm arna fhorlíonadh ag ceithre Chlár Rioscaí Stiúrthóireachta agus arna choimeád go háitiúil ag Cláir Lárnacha. Déantar athbhreithniú orthu siúd ar bhonn ráithiúil agus tá acmhainn ann chun rioscaí suntasacha a fhormhéadú suas chomh maith le gealltanas chun rioscaí a mhaolú ag gach céim den phróiseas. Tugtar an t-eolas is déanaí agus tuarascálacha don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath go rialta. Pléitear Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú den Bhord agus cuimsítear tuarascálacha ar rioscaí ón ardbhainistíocht; tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca; athruithe ar rátálacha rioscaí agus ar an gClár Iniúchóireachta.

Tá ailíniú idir bainistíocht riosca agus próisis chomhlíonta, agus tá na moltaí iniúchóireachta á rianú agus á gcur chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil cur chuige comhleanúnach ann atá bunaithe ar fheabhsú leanúnach agus ar chur chun feidhme iomlán an Chóid Cleachtais chun BOOanna a Rialú.

Tá mionsonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a gheofar iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

## Córas rialuithe inmheánacha

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a gheofar iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

## Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus le forbairt agus le cur chun feidhme an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

## Cánachas

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

## Tuairisc ar fheidhmíocht na n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú)

Le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a achtaíodh i mí na Nollag 2021, neartaítear Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá sraith forálacha nua ann atá dírithe ar chearta teanga na gcainteoirí Gaeilge a neartú. Is iad na príomhréimsí a chlúdaítear ná foirmeacha oifigiúla, lógónna, fógraíocht, na meáin shóisialta, inniúlacht teanga foirne agus aitheantas d'ainmneacha, seoltaí agus teidil agus oibriú chun 20% den fhoireann a bheith ann a mbeidh Gaeilge ar a dtoil acu faoi 2030.

D'oibrigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le cuideachta sheachtrach chun tacú le comhlíonadh ár ndualgas a bhaineann le fógraíocht/próisis earcaíochta. Déanann foireann Seirbhíse Corparáidí monatóireacht ar dhul chun cinn ag an gCeannoifig agus ar fud ár nIonad maidir le comharthaíocht, stáiseanóireacht, cumarsáid agus foirmeacha. Tá príomhdhoiciméid phoiblí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon ar ár suíomh gréasáin, agus táimid ag forbairt straitéise chun dul chun cinn a rianú maidir le gealltanais atá fós le réiteach agus chun an Ghaeilge a chur chun cinn trí oiliúint foirne agus imeachtaí amhail Seachtain na Gaeilge.

Is é ár nduine teagmhála ainmnithe ná Brendan Gribbon gaeilge@cdetb.ie gaeilge@cdetb.ie

## Tuairisc ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Is oibleagáid reachtúil é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('an Dualgas') do chomhlachtaí poiblí in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Ceanglaítear le hAlt 42(1) ar chomhlachtaí poiblí, agus iad i mbun a bhfeidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine i measc na foirne agus na ndaoine a bhaineann leas as a gcuid seirbhísí a chosaint. Ceanglaítear le hAlt 42(2) ar chomhlachtaí poiblí dul chun cinn i ndáil le comhionannas agus cearta an duine a mheasúnú, a thuairisciú agus aghaidh a thabhairt air ina bplean straitéiseach agus ina dtuarascálacha bliantúla ar bhealach atá inrochtana ag an bpobal.

Bhunaigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath grúpa oibre tras-eagraíochta in 2022 chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna cearta an duine agus comhionannais a bhaineann leis an eagraíocht. Tá toradh an ghrúpa oibre sin – *"Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme: Measúnú ar Shaincheisteanna Comhionannais agus Cearta an Duine, agus céimeanna i dtreo chur chun feidhme an Dualgais"*, ar fáil trí shuíomh gréasáin BOO Chathair Bhaile Átha Cliath https://www.cityofdublinetb.ie/media/Public-Sector-Duty.pdf

In 2024, chuir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tús le céim "aghaidh a thabhairt" i gcur chun feidhme an Dualgais. Athbhunaíodh an grúpa oibre agus ionadaíocht bhreise ann ó fheidhmeanna nua ar fud na heagraíochta. Tá sraith anailísí ar bhearnaí tosaithe ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar fud a réimsí seirbhíse chun scrúdú a dhéanamh ar bheartais, oiliúint, seirbhísí, tacaíochtaí agus cultúr i ndáil leis na príomhrioscaí idirdhealaithe a sainaithníodh sa tuarascáil mheasúnaithe. In 2025, cuirfear torthaí na hanailíse ar bhearnaí agus na maoluithe atá beartaithe i gcrích, agus cuirfear tús le tuilleadh gníomhartha cur chun feidhme. I measc na ngníomhartha breise atá beartaithe do 2025 tá feidhmiú céimneach oiliúna ar líne do bhaill foirne tríd an Ardán Ríomhfhoghlama um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann.

## Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

### Cothromaíocht Inscne i gComhaltas an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 9 (42.86%) ban, 12 (57.14%) fhear agus [0] folúntas ar an mBord. Mar sin de, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais chun ionadaíocht íosta de 40% ar gach inscne i gcomhaltas Bhoird an Stáit a bhaint amach.

Tá na bearta seo a leanas beartaithe chun tacú agus cloí le cothromaíocht inscne ar an mBord seo:

- De réir mar a fhágann nó a théann comhaltaí boird ar scor, cloífidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath leis na treoirlínte dea-chleachtais agus ionadaithe á gceapadh, agus cuirfidh siad tacaíocht agus oiliúint ar fáil freisin chun a chinntiú go bhfuil gach comhalta boird in ann páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas, agus eolas agus tuiscint shoiléir acu ar a bhfreagrachtaí muiníneacha.
- Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tiomanta do chur chun cinn na héagsúlachta agus na hioncuimsitheachta, lena n-áirítear comhionannas inscne, mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise. Is croíphrionsabail iad comhionannas agus ionchuimsiú de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá siad mar bhonn lenár gcuid oibre go léir.
- Foilsíodh Tuarascáil BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2023 ar Bhearna Pá Inscne in 2024 agus sainaithnítear leis bearna pá inscne meánach agus airmheánach i bhfabhar fostaithe baineanna i measc baill foirne lánaimseartha agus páirtaimseartha araon.
- Chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas (an 3 Nollaig) a chomóradh, d'óstáil BOO Chathair Bhaile Átha Cliath réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear seimineár gréasáin faisnéise foirne agus ceardlann inrochtaineachta chun ionchuimsiú foirne agus foghlaimeoirí faoi mhíchumas a chur chun cinn agus chun ár dtuairisciú bliantúil ar dhaonáireamh foirne a neartú i gcomhréir leis an Acht um Míchumas, 2005. I gcomhréir le Treoir AE maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, chuir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath roinnt feabhsuithe inrochtaineachta chun feidhme ar an suíomh gréasáin corparáideach i rith 2024, agus tá siad faoi réir monatóireachta ag an Údarás Náisiúnta Míchumais.

## Ráitis Airgeadais 2024

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (AC&C) nuair a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2024. Foilseoidh BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis don AC&C iad a shíniú.

Tá sonraí airgeadais i ndáil leis na nithe seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Mionsonraí faoi tháillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith Comhaltaí Boird a ndearnadh anailís orthu de réir chatagóir na dtáillí.
- Mionsonraí comhiomlána cúitimh an lucht ardbhainistíochta a ndearnadh anailís orthu de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán:
    - Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe.
    - Sochair iarfhostaíochta.
    - Sochair foirceanta.
    - Cúiteamh príomhbhainistíochta más ann dó.
- Mionsonraí faoi líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 ó €60,000 ar aghaidh agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.

# Misean, Fís, Creideamh agus Gealltanais

# 02.

# Misean, Fís, Creideamh agus Gealltanais

## Misean

Is é misean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ná seirbhísí gairmiúla oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine i gcathair Bhaile Átha Cliath a chuireann le forbairt phearsanta an duine aonair mar aon le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha fhoriomlán na cathrach – le cabhrú leat Foghlaim, le cabhrú leat Fás, le cabhrú leat Forbairt.

## Fís

Is í an fhís atá againn ná:

- Forbairt agus soláthar oideachais a threorú i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Oideachas agus Oiliúint ionchuimsitheach gairmiúil ardcháilíochta a chur ar fáil go gníomhach i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le soláthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath, gá atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn.
- Cláir a sholáthar lena gcuirtear cáilíochtaí oiriúnacha agus bealaí chun cinn i dtreo ardchúrsaí oideachais, clár oiliúna agus fostaíochta.
- Seirbhís Óige chuimsitheach a fhorbairt i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Údarás náisiúnta dámhachtana um dheontais mac léinn atá éifeachtach, faoi bhainistíocht mhaith agus go hiomlán freagrach a chur ar fáil.

## Creidiúint

Is é an bunchreideamh atá againn go bhfuil sé de cheart ag gach duine rochtain a bheith aige nó aici ar dheiseanna Oideachais agus Oiliúna, a chabhróidh leis nó léi barr a chumais nó a cumais a bhaint amach. Chun tacú le gach duine barr a chumais nó a cumais a bhaint amach, ní mór dúinn na tréithe seo a leanas a léiriú mar sholáthraí seirbhíse:

### Ionchuimsitheach

Glacaimid le gach foghlaimeoir atá in ann leas a bhaint as na cúrsaí a chuirimid ar fáil agus atá laistigh de raon feidhme reachtaíochta ár seirbhísí.

### Measúil

Tá meas againn ar an gceart chun córa comhionainne do gach duine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí agus meas á léiriú againn ar chearta an duine aonair, lena n-áirítear meas ar an duine agus ar a cheart nó a ceart chun príobháideachta.

### Freagrúil

Táimid freagrúil do riachtanais na ndaoine agus na sochaí atá ag athrú, go háirithe riachtanais na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus/nó dífhostaithe.

### Cumasaithe

Cuirimid deiseanna ar fáil chun daoine a chumasú lena n-acmhainn Oideachais agus Oiliúna a bhaint amach.

## Gealltanais

Geallann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath:

- Barr feabhais gairmiúil a chur chun cinn sa teagasc agus san oiliúint, agus torthaí ardchaighdeáin a chur chun cinn san fhoghlaim.
- Timpeallacht oibre atá dearfach, sofhreagrúil agus cumasaithe a chur ar fáil.
- Forbairt foirne a spreagadh.
- Éachtaí ag gach leibhéal a aithint
- Barr feabhais gairmiúil a chur chun cinn inár seirbhísí tacaíochta oideachais agus oiliúna agus inár riarachán.
- Barr feabhais gairmiúil agus torthaí ardchaighdeáin a chur chun cinn i seirbhísí oibre óige.
- Oideachas agus oiliúint a chur ar fáil agus tacú le seirbhísí óige atá ionchuimsitheach, il-sainchreidmheach, agus faoi cheangal ag caidreamh cuí ó thaobh cúraim agus measa de.
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais an fhoghlaimeora de réir mar a thagann riachtanais eacnamaíochta, shochaíocha agus fostaíochta chun cinn.
- Aghaidh a thabhairt ar éilimh eacnamaíochta agus shochaíocha.
- Glacadh le hindibhidiúlacht, le héagsúlacht agus le huileghabhálacht.
- Tacú le freagrachtaí sibhialta, sóisialta, pobail agus domhanda.
- Tacú le rannpháirtíocht scoláirí, ball foirne, tuismitheoirí agus an phobail in oideachas, oiliúint agus seirbhísí óige BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Barr feabhais gairmiúil a chur chun cinn maidir le deontais mac léinn a phróiseáil agus a sholáthar trí Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI).

# Cúlra agus Faisnéis Staitistiúil

# 03.

# Cúlra agus Faisnéis Staitistiúil

Bunaíodh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is muidne an t-údarás stáit um oideachas agus oiliúint do Bhaile Átha Cliath agus breis is 3,000 comhalta foirne ann a chuireann deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil do bhreis is 34,000 duine ar fud chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanaimid é sin trí Scoileanna Náisiúnta Pobail, Pobalscoil Speisialta, Scoileanna Ospidéil Phobail agus 11 Choláiste Pobail a reáchtáil ar fud na cathrach. Oibríonn ár gColáiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath thar cheithre champas sa chathair agus soláthraíonn sé cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus raon deiseanna breisoideachais agus oiliúna do dhaoine fásta.

Táimid freagrach freisin as SUSI, an t-údarás dámhachtana náisiúnta do dheontais mac léinn in Éirinn. Tacaíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú Seirbhísí Óige i gcathair Bhaile Átha Cliath agus is é an príomh-chomhpháirtí in Music Generation, Chathair Bhaile Átha Cliath.

Faigheann an soláthar sin tacaíocht ó raon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhís shíceolaíochta, aonad forbartha curaclaim, aonad caipitil agus cothabhála foirgneamh agus foireann riaracháin na Príomhoifige i nDroichead na Dothra.

**Rolluithe Scoile 2024**

| Scoil | Líon na nÁiteanna | Líon Daltaí Lánaimseartha Bliain Acadúil 2024/2025 |
|---|---|---|
| Scoileanna Náisiúnta Pobail | 1 | 147 |
| Scoileanna Ospidéal Pobail | 2 | 100 (ar an meán) |
| Pobalscoileanna Speisialta | 1 | 36 |
| Coláistí Pobail | 11 | 3,862 |

| Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) 2024 | | |
|---|---|---|
| **Cur Síos ar an gClár** | **Rolluithe: Foghlaimeoirí Uathúla de réir Chatagóir Cláir** | **Iomlán** |
| **Cláir Lánaimseartha** | | |
| Printíseacht 2016 + | 635 | |
| Printíseacht Ceardaíochta | 568 | |
| Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (tuairisceáin Dheireadh Fómhair 2024) | 7,323 | |
| Oiliúint i Scileanna Sonracha | 1,274 | |
| Ógtheagmháil | 782 | |
| Oiliúint Tréimhse Oiliúna | 561 | |
| Ionaid Oiliúna Phobail | 535 | |
| Soláthraithe Sainoiliúna | 467 | |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 179 | |
| Cláir Lánaimseartha eile | 78 | |
| | **Líon iomlán na bhfoghlaimeoirí i mbun Cláir Lánaimseartha** | **12,402** |
| **Cláir pháirtaimseartha** | | |
| Oideachas Pobail | 5,408 | |
| Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh | 4,439 | |
| BCTE | 4,305 | |
| Grúpaí sa Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | 1,511 | |
| Scileanna le Dul Chun Cinn | 946 | |
| R-Choláiste ar líne | 443 | |
| Oiliúint um Thráthnóna | 440 | |
| Cláir Pháirtaimseartha eile | 666 | |
| | **Líon iomlán na bhfoghlaimeoirí i mbun Cláir Pháirtaimseartha** | **18,158** |
| | **Líon iomlán na bhFoghlaimeoirí Lánaimseartha agus Páirtaimseartha** | **30,560** |

# Tuarascáil Fuinnimh

# 04.

# Tuarascáil Fuinnimh

Ceanglaítear le hIonstraim Reachtúil 542/2009 ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - Forbhreathnú ar $CO_2$ agus Éifeachtúlacht Fuinnimh

Seo thíos sliocht as bunachar sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&R) SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) lena léirítear dul chun cinn foriomlán BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i ndáil le hastaíochtaí $CO_2$ breosla iontaise, iomlán na n-astaíochtaí $CO_2$ agus dul chun cinn in éifeachtúlacht fuinnimh ó na bonnlínte ábhartha. Is é an bhonnlíne d'astaíochtaí $CO_2$ ár meánastaíochtaí *(ó fhuinneamh deiridh)* do na blianta 2016-2018. Is í 2009 an bhonnlíne le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus déantar é a thomhas faoi láthair i bhfuinneamh príomhúil (kWh) in aghaidh an aonaid achar urláir ($m^2$).

Tríd is tríd, léirítear leis na táscairí go bhfuil dul chun cinn déanta, ach tugtar aird freisin ar dhúshláin leanúnacha agus tugtar le fios go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun a chinntiú go bhfuil an dul chun cinn reatha ag teacht leis na spriocanna a cheanglaítear.

### Astaíochtaí $CO_2$ iontaise

In 2023, bhí $CO_2$ iontaise 9.2% faoi bhun na bonnlíne de 2,396,191 $kgCO_2$.

**2023:** 2,176,585 $kgCO_2$

**Sprioc 2030:** 1,174,134 $kgCO_2$

Chun an sprioc sin a bhaint amach, ní mór $CO_2$ iontaise a laghdú faoi 46.1% eile ó leibhéal 2023 laistigh de 7 mbliana.

### Iomlán na n-astaíochtaí $CO_2$

In 2023, bhí an $CO_2$ iomlán 31.0% faoi bhun na bonnlíne de 5,796,992 $kgCO_2$.


**2023:** 3,9999,539 $kgCO_2$

**Sprioc 2030:** 1,903,743 $kgCO_2$

Chun an sprioc sin a bhaint amach, ní mór $CO_2$ iontaise a laghdú faoi 52.4% eile ó leibhéal 2023 laistigh de 7 mbliana.

### Éifeachtúlacht fuinnimh


Faoi 2023, bhí feabhas 21.6% tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh ón mbonnlíne.




Chun an sprioc éifeachtúlachta a bhaint amach, ní mór feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú 28.4 pointe céatadáin eile laistigh de 7 mbliana.

# Príomhtháscairí Feidhmíochta – $CO_2$ Iontaise & $CO_2$ Iomlán

## Sprioc $CO_2$ Iontaise




## Sprioc $CO_2$ Iomlán





Leagtar amach sna graif thuas an dul chun cinn maidir le $CO_2$ ó bhreoslaí iontaise agus feabhsuithe ar $CO_2$ iomlán agus léirítear díchúpláil bhreise dul chun cinn idir astaíochtaí ó bhreoslaí iontaise agus astaíochtaí ó leictreachas. Tá an treocht sin á spreagadh go príomha ag laghdú i ndéine carbóin ghreille soláthair leictreachais na hÉireann.


Léirítear leis an díchúpláil shoiléir idir astaíochtaí breosla iontaise *(scóip 1)* agus astaíochtaí leictreacha *(scóip 2)* gurb é an príomhdhúshlán atá roimh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ná aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí breosla iontaise *(scóip 1)* chun na feabhsuithe sainordaithe a cheanglaítear a chomhlíonadh.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - Fuinneamh Teirmeach (kWh) & $CO_2$ Gaolmhar


### Fuinneamh Teirmeach




Fuinneamh deiridh
**10,161,273 kWh**
ídithe in 2023




Fuinneamh príomhúil
**12,039,560 kWh**
ídithe in 2023





Astaíocht $CO_2$
**2,144,437 kg$CO_2$**
astaithe in 2023


Déanann an graf thuas cainníochtú do 2023 agus 2022 ar an athrú bliantúil ar úsáid fuinnimh agus $CO_2$ gaolmhar ó bhreoslaí iontaise *(scóip 1).*

## Príomhtháscairí Feidhmíochta - Fuinneamh Leictreach (kWh) & $CO_2$ Gaolmhar


### Leictreachas




Fuinneamh deiridh
**6,593,200 kWh**
ídithe in 2023




Fuinneamh príomhúil
**11,956,411 kWh**
ídithe in 2023





Astaíocht $CO_2$
**1,822,954 kg$CO_2$**
astaithe in 2023


Déanann an graf thuas cainníochtú do 2023 agus 2022 ar an athrú bliantúil ar úsáid fuinnimh agus $CO_2$ gaolmhar ó leictreachas *(scóip 2)*.

# Príomhtháscairí Feidhmíochta – Fuinneamh Iompair (kWh) & $CO_2$ Gaolmhar


## Breoslaí iompair




Fuinneamh deiridh
**134,242 kWh**
ídithe in 2023




Fuinneamh príomhúil
**147,667 kWh**
ídithe in 2023




Astaíocht $CO_2$
**32,148 kg$CO_2$**
astaithe in 2023


Déanann an graf thuas cainníochtú do 2023 agus 2022 ar an athrú bliantúil bliaintúil ar úsáid fuinnimh agus $CO_2$ gaolmhar ón iompar *(scóip 1).*

# Príomhtháscairí Feidhmíochta – Fuinneamh Iomlán (kWh) & $CO_2$ Gaolmhar


## Fuinneamh iomlán




Fuinneamh deiridh
**16,888,716 kWh**
ídithe in 2023




Fuinneamh príomhúil
**24,143,637 kWh**
ídithe in 2023




Astaíocht $CO_2$
**3,999,539 kg$CO_2$**
astaithe in 2023

Déanann an graf thuas cainníochtú do 2023 agus 2022 ar an athrú bliaintúil ar úsáid iomlán fuinnimh agus $CO_2$ gaolmhar do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath *(scóip 1 & 2)*.

## Gnóthachain Éifeachtúlachta go dtí seo, as seo amach & Astaíochtaí $CO_2$

Baineadh amach gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí seo trí bhainistíocht fuinnimh, uasghrádaithe foirgneamh agus saoráidí, soláthar fuinnimh níos fearr, agus athrú iompraíochta ar fud na heagraíochta. Agus na laghduithe ar astaíocht $CO_2$ á mbaint amach trí chur chun feidhme na mbeart sin, cuireadh leo tríd an dul chun cinn a rinneadh go seachtrach trí dhícharbónú leanúnach na heangaí soláthair fuinnimh.

Tá a Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide críochnaithe ag Cathair Bhaile Átha Cliath le cur faoi bhráid an bhoird i mí Eanáir 2025 agus leanfaidh siad dá Plean Soláthair Foirgneamh agus a Straitéis Eastáit fhadtéarmach a fhorbairt.

Ar an mbealach céanna, bhí agus beidh BOO Bhaile Átha Cliath gníomhach i roinnt Tionscadal infheistíochta caipitil níos mó, a chuir agus a chuirfidh san áireamh an méid seo a leanas:

- Tógadh dhá shíneadh mhodúlacha shuntasacha scoile a bhfuil rátáil A acu i gColáiste Pobail Cluain Torc i bhFionnbhrú le déanaí agus seachadadh agus osclaíodh an ceann is déanaí i mí Mheán Fómhair 2023.
- Tá ceapacháin conraitheora ar bun faoi láthair le haghaidh oibreacha athchóirithe dín ag Coláiste Breisoideachais Inse Chór, lena n-áirítear feabhsuithe suntasacha ar éifeachtúlacht theirmeach.
- Tá ceapachán Foirne Deartha ar bun le haghaidh oibreacha athchóirithe dín ag Coláiste Breisoideachais Choláiste Dhúlaigh (an Chúlóg), lena n-áirítear feabhsuithe teirmeacha suntasacha.
- Tá léirithe spéise curtha faoi bhráid SOLAS le haghaidh feabhsuithe suntasacha ar éifeachtúlacht fabraice do Coláiste Breisoideachais aa Saoirsí (Scabhat Mharcais) agus Coláiste Dhúlaigh (an Chúlóg) araon. Tá coinne le cinntí maoinithe i rith 2025.
- Tá infheistíocht chaipitil shuntasach bhreise le haghaidh oibreacha tógála agus athruithe coimhdeacha ar siúl ag Coláiste Breisoideachais Inse Chór, arna maoiniú trí Chiste na Roinne um Uasghrádú ar Bhonneagar Straitéiseach. Tá Dearadh Tíosach ar Fhuinneamh mar mhórghné d'achoimre an tionscadail. Tá an fhoireann deartha ceaptha, tá na suirbhéanna suímh críochnaithe agus tá obair ag dul ar aghaidh anois i dtreo cruinniú bailíochtaithe achoimre do pháirtithe leasmhara atá le tarlú i R1 2025.
- Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag leanúint ag obair le SOLAS/RBATNE (Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta) chun aighneacht Cáis Gnó a chur i gcrích maidir le Coláiste FET an Todhchaí a fhorbairt, "Campas Chathail Brugha". Áireofar leis sin, mar chéad chéim, infheistíocht shuntasach chun foirgneamh an iar-Choláiste Lónadóireachta ar Shráid Chathail Brugha (struchtúr atá faoi chosaint) a uasghrádú agus a aisfheistiú. Beidh Dearadh Tíosach ar Fhuinneamh mar mhórghné d'Achoimre an Tionscadail.
- Tá páirt ghníomhach glactha ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le SEAI tríd an gclár "Ceannródaí" d'fhonn infheistíochtaí suntasacha a fháil le haghaidh móroibreacha uasghrádaithe fuinnimh ar roinnt dár bhfoirgnimh. Tá an próiseas sin ar siúl agus tá coinne le cinntí ar mhaoiniú le linn 2025.

- Tá Tairiscint na Foirne Deartha á cur i gcrích faoi láthair le haghaidh tionscadal sínidh mhóir ag Coláiste Pobail na Cabraí. Tá Dearadh Tíosach ar Fhuinneamh mar mhórghné d'achoimre na Foirne Deartha agus táthar ag súil go mbeidh rátáil A ag an síneadh.

- I gColáiste Pobail na Toirbhearta, Tír an Iúir, tar éis aighneacht agus athbhreithniú dearaidh Céim 1, tá formheas faighte ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ón roinn chun an tionscadal a chur ar aghaidh go Céim 2. Tá Dearadh Tíosach ar Fhuinneamh mar mhórghné d'achoimre an tionscadail agus táthar ag súil go mbeidh rátáil A ag an síneadh.

- Tá ciste Caipitil Cineachta glas (580k) curtha ar fáil do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le caitheamh i rith 2025. Díreofar an chaiteachais sin ar bhainistiú fuinnimh (go háirithe úsáid fuinnimh breosla iontaise agus astaíochtaí $CO_2$ scóip 1 gaolmhara).



# Cairt Eagrúcháin

# 05.

# Cairt Eagrúcháin

City of Dublin
Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board

**An Príomh-Fheidhmeannach**

- **Stiúrthóirí Sábháilteachta agus Forbartha Oibriúcháin (SFO)**
  - Seirbhísí Corparáideacha
    Caipiteal & Cothabháil Foirgneamh
    Acmhainní Daonna/Párolla
    TFC
  - Déanann maoirsiú ar gach gné de Bhainistíocht Airgeadais agus Soláthar
- **Stiúrthóir Scoileanna**
  - Scoileanna Náisiúnta Pobail
    Scoileanna Ospidéal Pobail
    Pobalscoileanna Speisialta
    Coláistí Pobail
    Seirbhísí Óige
    Ceol
    Seirbhísí Síceolaíochta
- **Stiúrthóirí FET**
  - Cáilíocht agus Oibríochtaí
  - Claochlú agus Eolas
- **Stiúrthóirí Seirbhíse (SUSI)**
  - Déanann maoirsiú ar gach gné den scéim náisiúnta deontas mac léinn Breisoideachais agus Ardoideachais

# Éachtaí

# 06.

# Éachtaí

Tá ár spriocanna straitéiseacha leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2021-2025.

Féach Anseo

Tá siad bunaithe ar cheithre cholún:

1. **Próifíl**

   Ina gcuirfear féiniúlacht, fís na heagraíochta agus cumarsáid san áireamh.

2. **Daoine**

   Ina gcuirfear cultúr na heagraíochta, an fhoireann, foghlaimeoirí, guth na foirne agus na mac léinn agus forbairt foirne san áireamh.

3. **Oideolaíocht**

   Ina gcuirfear aindreolaíocht, teagasc, foghlaim, measúnú agus tacaíochtaí mac léinn san áireamh.

4. **Próisis**

   Ina gcuirfear córais riaracháin, eagrúcháin agus tacaíochta, dearbhú cáilíochta agus rialachas san áireamh.

Tá spriocanna straitéiseacha na gceithre cholún nasctha le cuspóirí agus spriocanna atá inár bPlean Seirbhíse bliantúil.

Féach Anseo

Léirítear leis an gcuid seo na spriocanna straitéiseacha agus na héachtaí suntasacha gaolmhara ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do 2024.

## Scoil Náisiúnta Phobail, Pobalscoil Speisialta, Scoileanna Ospidéil Pobail agus Coláistí Pobail

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe. | D'oscail Cathair Bhaile Átha Cliath Pobalscoil Speisialta in 2024 ina bhfuil 36 dalta cláraithe. Ina theannta sin, d'osclaíomar Rang Speisialta breise amháin i gColáiste Pobail. Do dhaltaí in oideachas príomhshrutha, cuireann ár gColáistí Pobail curaclaim ar fáil atá saincheaptha chun freastal ar riachtanais éagsúla na bhfoghlaimeoirí, lena n-áirítear an TSCS i 9 scoil, ATF i 11 scoil, agus an Idirbhliain i 10 scoil. Chuir Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath cláir cheoil fhor-rochtana ar fáil in 22 bunscoil agus 6 iar-bhunscoil. |
| Tacú le daltaí/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de réir an bheartais náisiúnta reatha. | Bhí an Feachtas Náisiúnta i dtaca le Tinreamh Scoile ar siúl i rith na scoilbhliana 2023/2024. Ghlac gach Pobalscoil agus Coláiste Pobail páirt san fheachtas sin agus rinne siad iarracht réimse feachtas tinrimh a chur i ngníomh go háitiúil. Mar thoradh air sin, tháinig méadú 12% ar an rannpháirtíocht lenár nOifigeach Idirchaidrimh Baile, Scoile agus Pobail ar fud na 9 scoil DEIS agus tugadh isteach Clinicí Tinrimh, faoi stiúir an Oifigigh Leasa Oideachais, i gColáiste Pobail amháin nach scoil DEIS í. |
| A chinntiú go bhfuil gach beart riachtanach um chosaint leanaí i bhfeidhm i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (Athbhreithnithe 2023) agus go gcomhlíontar iad. | Tá na beartais agus na bearta cosanta leanaí riachtanacha ar fad bunaithe ag gach Pobalscoil agus Coláiste Pobail. Cuireadh oiliúint ar fáil do Theagmhálaithe Ainmnithe, agus chríochnaigh an fhoireann go léir Oiliúint maidir le Tús Áite do Leanaí chun tacú le comhlíonadh i scoileanna. |
| Cabhrú leis an RO, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint agus soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. | Thacaigh an Fhoireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga (REALT) le breis is 200 dalta Úcránach agus IPAS a cuireadh i suíomhanna oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath. Leanfar den mhaoiniú do REALT sa bhliain féilire seo chugainn. |
| Pobail ar fud chathair Bhaile Átha Cliath a bheith go hiomlán ar an eolas faoi raon ár soláthair oideachais agus óige. | Tá suíomhanna gréasáin ag gach Coláiste Pobail a thugann mionsonraí faoin soláthar oideachais atá á thairiscint.<br><br>Tá suíomhanna gréasáin nua á bhforbairt ag ár Scoil Náisiúnta Phobail agus ár bPobalscoil Speisialta agus tá siad le seoladh san Earrach 2025. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Rannpháirtíocht agus próifíl BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a fhorbairt go réigiúnach agus le BOOÉ go náisiúnta. | Lean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag plé le coistí BOOÉ chun a chinntiú go raibh deis aige a thuairimí a thabhairt in 2024. Rinne an Stiúrthóir Scoileanna ionadaíocht do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar thrí choiste: Mapáil Soláthair RSO, Scoileanna Náisiúnta Pobail, Oideachas tri Mheán na Gaeilge. |
| Ár gcuid oibre ar Éiteas agus Croíluachanna a neadú a thuilleadh, lenár scoileanna agus lenár bhfoireann, agus tacaíocht againn ó BOOÉ. | Tá ról gníomhach ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar an leibhéal náisiúnta i seachadadh oiliúna maidir le hÉiteas agus Croíluachanna do Cheannairí Eiteas i scoileanna BOO. Tá cruinnithe míosúla maidir le hÉiteas ar siúl do Cheannairí Éitis agus do Cheannairí Sinsearacha. Tá gach Scoil Náisiúnta Phobail agus Scoil Ospidéil Pobail ag seachadadh Churaclam na bPátrún mar aon le trí Choláiste Pobail. Cuirfear Curaclam na bPátrún ar fáil i ngach Coláiste Pobail faoi mhí Mheán Fómhair 2025. Tá oiliúint curtha ar fáil do bhaill foirne ar an gcuraclam sin agus tá oiliúint atá sonrach don scoil ar fáil. |
| A chinntiú go gcomhroinnfear an obair nuálach inár scoileanna mar dhea-chleachtas. | Tá cruinnithe rialta ar líne ar siúl mar aon le cruinnithe ar an láthair agus cruinnithe Líonra Foghlama Gairmiúla. Bíonn ainmní foirne amháin ar a laghad i láthair ag gach Coláiste Pobail ag na cruinnithe sin chun an fhoghlaim chomhroinnte a thabhairt ar ais chuig an bhfoireann níos leithne. Tá na cruinnithe sin ag tacú le cleachtas comhroinnte agus réimse ábhar á gclúdach. |
| Leanúint de dheiseanna Forbartha Foghlama Gairmiúla atá bríoch agus freagrúil a fhorbairt, a eagrú agus a chur chun cinn. | Tairgeadh roinnt deiseanna nua Forbartha Foghlama Gairmiúla i mbliana do raon leathan baill foirne i mbliana, lena n-áirítear Foireann Riaracháin, Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais, Príomhoidí Tánaisteacha agus Príomhoidí. Áiríodh leis sin oiliúint ar leithdháileadh, socrú amchláir, tuairisceáin Dheireadh Fómhair, tuairisceáin ar imlonnú múinteoirí, airgeadas, mapáil soláthair RSO, cigireachtaí, folláine, oideachas don Lucht Siúil agus do na Romaigh. |
| Deiseanna do Ghuth an Dalta agus rannpháirtíocht an dalta a leabú agus a leathnú inár scoileanna agus laistigh de BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. | Bíonn Comhairle Daltaí ghníomhach thacaithe i bhfeidhm i ngach Scoil Náisiúnta Phobail agus i ngach Coláiste Pobail lena dtacaítear le guth an dalta. Cuirtear Guth an Dalta san áireamh i bhforbairt beartais scoile agus i seachadadh curaclaim. Beidh an chéad Siompóisiam Daltaí de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar siúl i mí Eanáir 2025 agus beidh ionadaithe daltaí ó gach Pobalscoil agus Coláiste Pobail i láthair. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Leanúint den taighde agus córais nuálacha nua-aimseartha a thabhairt isteach, a théann chun sochair na scoileanna agus a gcuid foghlaimeoirí. | Fuair gach ball foirne inár bPobalscoileanna an oiliúint aon lae riachtanach ó Oide ar churaclam agus modheolaíochtaí nua Matamaitice na mBunscoileanna. Tá foireann sna scoileanna sin ag glacadh páirte freisin i Sraith Muinín Churaclam Matamaitice Bunscoile Oide, ina bhfuil cúig sheisiún oiliúna ar líne, agus maireann gach seisiún uair an chloig.<br><br>I gcás na gColáistí Pobail, chun ullmhú d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (mí Mheán Fómhair 2025), tá tús curtha ag ár gColáistí Pobail go léir le rannpháirtíocht le hOide chun oiliúint a fháil sna modheolaíochtaí nua atá riachtanach agus na cineálacha measúnaithe atá á dtabhairt isteach.<br><br>Tá oiliúint shaincheaptha curtha ar fáil ag NCSE do bhaill foirne inár bPobalscoil Speisialta agus tá 27 ball foirne ag gabháil d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Ina theannta sin, tá oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta eagraithe ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do bhaill foirne na scoile sin, lena n-áirítear oiliúint MAPA. |
| Leanúint de chultúr nuálaíochta, cruthaitheachta agus comhoibrithe a chothú. | Le linn sheachtain BOOÉ, rinneadh próifíliú agus comóradh ar roinnt iar-fhoghlaimeoirí de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Baineadh úsáid as sin chun ár bhfoghlaimeoirí a spreagadh chun leanúint dá n-aistear le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, le linn sheachtain BOOÉ, aithníodh foireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath faoi Chroíluachanna BOOÉ agus scaipeadh fógra laethúil faoi phríomhréimsí seirbhísí agus béim á leagan ar na Croíluachanna a sheachadann an tseirbhís agus an fhoireann ina róil. |
| Cumas ceannaireachta agus ceannaireacht dháileach a fhorbairt tuilleadh ar fud ár scoileanna. | Chuir 32 ball foirne teagaisc de Choláiste Pobail an clár meáncheannairí a sheachaid Aonad Forbartha Curraclaim i gcrích. Ina theannta sin, rinne 7 mball foirne ar leibhéal AP1 ionadaíocht ar BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag Scoil Samhraidh BOOÉ do Cheannairí. |
| Foghlaim agus teagasc ar ardchaighdeán a chur chun cinn ar fud ár scoileanna. | A bhuí le cruinnithe seachtainiúla ar líne, tá Pobalscoileanna agus Coláistí Pobail in ann taithí a chomhroinnt ar Chigireachtaí na Roinne, mar aon le dea-chleachtas a chomhroinnt i raon réimsí. |
| An Ghaeilge a chur chun cinn laistigh dár scoileanna, mar ábhar agus mar theanga bheo. | Ghlac gach Scoil Náisiúnta Phobail, Scoileanna Ospidéil Pobail agus Coláistí Pobail de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath páirt i Seachtain na Gaeilge i mbliana. Tá foireann Chumarsáide BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag tacú le gach scoil agus Coláiste Pobail chun líon na bpostálacha ar na meáin shóisialta i nGaeilge a mhéadú.<br><br>Tá Stiúrthóir na Scoileanna tar éis dul isteach sa Choiste trí Mheán na Gaeilge le BOOÉ chun cabhrú le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn inár scoileanna uile. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Nuálaíocht agus éagsúlacht a chur chun cinn i dTeagasc agus i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, agus béim ar leith ar inniúlachtaí digiteacha. | Tá Coiste Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta curtha ar bun ar a bhfuil ionadaithe ó thrí Choláiste Pobail mar chomhaltaí seasmhacha ar an gCoiste. Is é fócas an Choiste Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta ná iniúchadh a dhéanamh ar conas Straitéisí Digiteacha a fhorbairt i gColáistí Pobail. Freastalóidh comhaltaí den Choiste Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta ar chomhdháil BETT i Londain, Earrach 2025.<br><br>Bhí breis is 30 dalta ó dhá cheann dár gColáistí Pobail (Coláiste Pobail Lorcáin agus Coláiste Marino) i measc na chéad daltaí a bhain céim amach ó Ghradam Cuspóra Speisialta P-Tech (NCI) i mbliana. Thosaigh na daltaí sin ar aistear P-Tech mar scéim phíolótach in 2019. |
| Iniúchadh comhpháirtithe idirnáisiúnta a spreagadh chun foghlaim agus teagasc a chur chun cinn. | Chuir Coláiste Pobail amháin beirt ionadaithe foirne ar thuras go dtí an Chosaiv le OCBÁC chun scrúdú a dhéanamh ar conas tacú le daltaí Tréitheacha agus Cumasacha ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Comhroinnfear an fhaisnéis a fuarthas ag cruinniú sealadach PLD (Forbairt Litearthachta a Chur Chun Cinn) in Earrach 2025. Ina theannta sin, rinne Coláiste Pobail amháin iarratas chun tacaíocht a lorg do Erasmus+ tríd an Deasc Idirnáisiúnta atá againn. |
| A chinntiú go bhfuil ár bpróisis agus ár gcórais tacaíochta do dhaltaí éifeachtach agus go bhfuil tionchar acu. | Tá Seirbhísí Síceolaíochta i láthair i ngach ceann dár gColáistí Pobail agus inár bPobalscoil Speisialta. Chuir siad Oiliúint Teagmhais Chriticiúla ar fáil do na 11 Choláiste Pobail uile le linn na bliana agus d'fhreastail siad ar roinnt Teagmhas Criticiúil. Ina theannta sin, tá siad ag tacú le Coláistí Pobail lena mBeartais Folláine.<br><br>Ar bhonn seachtainiúil, cuireann na Seirbhísí Síceolaíochta tacaíocht ar fáil dár ndaltaí faoin tSamhail Contanaim Tacaíochta. Foilseofar an dréachtphlean go luath i Samhradh 2025. |
| Leanúint dár soláthar seirbhísí oideachais agus líon na bhfoghlaimeoirí a bhaineann leas as na seirbhísí sin a leathnú. | D'oscail BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chéad Phobalscoil Speisialta i mbliana agus 36 dalta cláraithe inti. Tá dlúthchaidreamh ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le NCSE maidir leis na pobail a shainaithint ina bhfuil éileamh ard do dhaltaí a bhfuil rochtain uathu ar áiteanna Scoile Speisialta nó Ranganna Speisialta agus leanúint dár dtairiscint sa réimse oideachais sin a leathnú. |
| Sprioc na foghlama agus an teagaisc ar ardchaighdeán a bhaint amach ar fud ár scoileanna. | Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gclár ionduchtaithe múinteoirí do 2025. Tá Coiste Teagaisc agus Foghlama i bhfeidhm i ngach scoil agus pobail chleachtais ar siúl i Matamaitic, i dTeicneolaíocht Faisnéise agus i Nua-theangacha. |
| A chinntiú go gcoinnítear timpeallachtaí foghlama ar ardchaighdeán. | Bíonn cruinnithe rialta le Stiúrthóir Soláthair Bogearraí Ar Líne chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais bhonneagair ár bPobalscoileanna agus ár gColáistí Pobail. I mí na Bealtaine 2024, osclaíodh scoil speisialta nua mar aon le rang speisialta i gColáiste na Rinne. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Leanúint de chóras nua-aimseartha digitithe a fhorbairt, a chuireann tacaíochtaí éifeachtúla ar fáil dár scoileanna, dár gcoláistí agus dár n-ionaid. | Le tabhairt isteach P2P, cuíchóiríodh an próiseas ordaithe agus íocaíochta do Bhaill Foirne Riaracháin i scoileanna. Cuireadh ar a gcumas do cheannairí sinsearacha inár bPobalscoileanna agus inár gColáistí Pobail leis freisin iarmhéideanna beo agus smacht níos fearr a bheith acu ar airgeadas na scoile. Tá roinnt deiseanna oiliúna curtha ar fáil do Bhaill Foirne Riaracháin agus do Cheannairí Sinsearacha i rith na bliana. |
| Leanúint de chleachtais éifeachtacha nuálacha a shainaithint, a fhorbairt agus tacú leo. | Leanann ár gColáistí Pobail dá n-ábhar agus dá dtairiscint clár a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Tá scoileanna ag ullmhú do thabhairt isteach Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí 2025 trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL). Ina theannta sin, roghnaíodh dhá Choláiste Pobail (Coláiste Pobail Lorcáin agus Coláiste Pobail Cluain Torc) do Chéim a hAon de rolladh amach ábhar nua Drámaíochta, Scannánaíochta agus Staidéir Amharclainne agus beirt bhall foirne ó gach Coláiste Pobail ag gabháil do FGL gaolmhar le hOide. |
| Dea-chleachtas i ndea-rialachas a fhorbairt, a chur chun cinn agus tacú leis i scoileanna. | Leanann Foireann Rialachais Chorparáidigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag soláthar oiliúna agus nuashonruithe do Cheannairí Sinsearacha inár gColáistí Pobail agus inár bPobalscoileanna trí chur i láthair ag cruinnithe seachtainiúla, trí sheisiúin duine le duine, agus trí ríomhphoist.<br><br>Díríodh ar fheabhas a chur ar phríomhréimsí a sainaithníodh i ndiaidh an Liosta Seiceála Rialachais a críochnaíodh ag tús na bliana. Mar thoradh air sin, rinneadh athbhreithniú ar chleachtais dea-rialachais do Theagmhálaithe Ainmnithe (oiliúint san Earrach agus sa Samhradh), agus chuir BOOÉ oiliúint ar Chosaint Leanaí ar fáil do gach comhalta den Bhord Bainistíochta.<br><br>Ina theannta sin, chuir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus BOOÉ araon oiliúint ar fáil maidir le rialachas na mBord Bainistíochta, chun tacú leis na Boird nuacheaptha. |

## Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Torthaí ón suirbhé bliantúil ar fhoghlaimeoirí sa BOO a roinnt le hionaid agus le foghlaimeoirí. | Cuireadh teimpléid PowerPoint a bhfuil brandáil chorparáideach orthu ar fáil do na hionaid chun comhsheasmhacht i gcumarsáid a chinntiú ar fud ionaid FET Chathair Bhaile Átha Cliath. Chuidigh an tionscnamh sin le féiniúlacht agus teachtaireachtaí aontaithe a choinneáil ar bun don eagraíocht. |
| Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur Chun Feidhme. | I Ráithe 2, bunaíodh grúpa oibre ar a bhfuil ionadaíocht leathan ó cheann ceann na heagraíochta chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannais agus Cearta an Duine a chur chun feidhme. Rinne suíomhanna agus seirbhísí aonair measúnuithe "mar atá" agus anailísí ar bhearnaí, agus comhdhlúthaíodh na torthaí i Ráithe 3. Bhí na torthaí sin mar bhonn eolais d'fhorbairt plean gníomhaíochta cuimsithigh chun comhionannas a chur chun cinn, cearta an duine a chosaint, agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a sainaithníodh go héifeachtach. |
| Athbhrandáil Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm ar fud na n-ionad FET ar fad. | I mí an Mheithimh 2024, leagadh amach plean cumarsáide agus brandála Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath do cheannairí FET agus na príomhphointí seo a leanas ann. Is mar seo a leanas a thabharfar gach soláthar FET de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath as seo amach: Coláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath. Ó mhí Lúnasa 2024, cuirfear soláthar FET i ngach réimse seirbhíse ar fáil i 4 shuíomh Campais ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.<br>▪ Déanfar an soláthar a ghrúpáil i samhail 10 ndámh. Seo an chéad chéim eile i bhforbairt aon Seirbhíse FET amháin agus Aistear an Fhoghlaimeora mar chroílár di.<br>▪ Comhroinneadh ainmneacha nua ionad FET le foireann FET i mí Lúnasa 2024. Reáchtáladh ceardlann brandála i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun na gníomhartha brandála/margaíochta a chur chun cinn. Seoladh lógó nua Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2024. Reáchtáladh cruinniú ceannairí FET an 6 Nollaig faoi na nuashonruithe branda agus faoin amlíne athbhrandála. |
| Athbhreithniú deireadh bliana a reachtáil le grúpaí forbartha agus oibre dearbhaithe cáilíochta BOO chun táirgí insoláthartha a mheasúnú i gcoinne spriocanna agus chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na dtéarmaí tagartha agus na nósanna imeachta nua. | Reáchtáladh cruinniú athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2024, agus ionchorpraíodh aiseolas ón bhfoireann forbartha dearbhaithe cáilíochta FET. Lig an cruinniú sin don fhoireann dul chun cinn a mheas agus réimsí feabhsúcháin a shainaithint i bpróisis dearbhaithe cáilíochta do sheirbhísí FET. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Mol lárnach faisnéise agus treorach d'fhoghlaimeoirí a chruthú. | Forbraíodh dréacht-samhail do chóras lárnach faisnéise agus treorach d'fhoghlaimeoirí agus cuireadh i láthair é i mí na Nollag do cheannairí FET. Tá an córas sin ceaptha chun rochtain ar sheirbhísí riachtanacha foghlaimeoirí a fheabhsú, lena n-áirítear treoir ghairme, faisnéis chúrsa agus seirbhísí tacaíochta. Tá an tsamhail faoi bhreithniú ag an nGrúpa Forbartha Feidhmíochta Straitéisí agus táthar ag súil go mbeidh sí críochnaithe agus curtha i bhfeidhm in R1 2025. |
| Na deiseanna earcaíochta agus ardú céime foghlaimeoirí atá ar fáil a uasmhéadú chun aitheantas branda agus feasacht ar na deiseanna atá ar fáil a mhéadú. | Bunaíodh Grúpa comhordaithe le haghaidh imeacht Higher Options agus WorldSkills arís chun díriú ar earcú foghlaimeoirí do Choláistí agus Ionaid Oiliúna FET Chathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>Dearadh seastán BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus úsáid á baint as íomhánna fheachtas fógraíochta samhraidh FET agus bhí faisnéis ann freisin chun cur chuige shamhail campais athbhrandáilte Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath a léiriú. |
| Tacú le forbairt Chreat Oideachais Pobail SOLAS. | Seoladh Taispeántas Comharsanachta Foghlama Lár na Cathrach Thuaidh go rathúil an 14 Aibreán i bPáirc an Chrócaigh, rud a bhí ina chloch mhíle thábhachtach i dtaca le forbairt Chreat Oideachais Pobail SOLAS. Leis an taispeántas sin, leagadh béim ar chleachtais nuálacha agus ar iarrachtaí comhoibríocha laistigh den oideachas pobail, agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus rannpháirtíocht phobail á gcur chun cinn. |
| Cur le múnlú an bheartais náisiúnta maidir le litearthacht aeráide, Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Scileanna Glasa. | Bhí ceithre chruinniú ag Coláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath le foireann Scileanna Glasa SOLAS in 2024 chun scaipeadh Oideachais um Cheartas Aeráide a chur chun cinn, agus aird á díriú go sonrach ar Leibhéil CNC 1-4. Cuireadh oiliúint ar fáil do theagascóirí oideachais aosaigh agus pobail i Ráithe 1, agus aird á díriú ar Oideachas um Cheartas Aeráide. Ina theannta sin, seoladh Modúl Inbhuanaitheachta agus Ceartas Aeráide Leibhéal 3 Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i Ráithe 1, rud a chuir le hiarrachtaí náisiúnta i litearthacht aeráide agus in oideachas inbhuanaithe. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Deiseanna PLD a sholáthar i réimse an dearaidh uilíoch agus an ionchuimsithe. | Nuashonraíodh an chuid Teicneolaíochta Cúnta (AT) ar Moodle na foirne agus ar SharePoint na Foirne Foghlama Digití chun acmhainní inrochtaineachta a fheabhsú.<br><br>Rinneamar iarratas rathúil ar Ghradam Eagraíochtúil John Kelly de chuid AHEAD as Sármhaitheas Comhoibrithe i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) agus bhuamar é ag searmanas mhí Dheireadh Fómhair, rud a léirigh gealltanas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath don dearadh uilíoch agus don ionchuimsiú. Éascaíodh feidhmiú céimneach náisiúnta chlár Suaitheantas DUF 12 seachtaine AHEAD, agus chríochnaigh 25 rannpháirtí an cúrsa agus 6 bhall foirne de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag fónamh mar éascaitheoirí.<br><br>Tugadh suaitheantas nua Tosaitheoirí DUF isteach ar Moodle, agus chríochnaigh 23 ball foirne an oiliúint.<br><br>Tacaíodh le forbairt ghairmiúil trí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD), agus bhí 25 ball foirne cláraithe i dTeastais Iarchéime, 11 i nDioplómaí Iarchéime, agus 10 ag ullmhú do chláir Mháistreachta i mí Mheán Fómhair 2024. |
| Straitéis chumarsáide a fhorbairt do Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhréir le Tionscnaimh Chlaochlaithe FET. | I mí an Mheithimh 2024, leagadh amach plean cumarsáide agus brandála Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath do cheannairí FET agus na príomhphointí seo a leanas ann. Tugtar Coláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath ar gach soláthar FET de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath as seo amach.<br><br>Ó mhí Lúnasa 2024, cuirfear soláthar FET i ngach réimse seirbhíse ar fáil i 4 shuíomh Campais ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>▪ Déanfar gach soláthar a ghrúpáil i samhail 10 ndámh. Seo an chéad chéim eile i bhforbairt aon Seirbhíse FET amháin agus Aistear an Fhoghlaimeora mar chroílár di.<br><br>▪ Comhroinneadh ainmneacha nua ionad FET le foireann FET i mí Lúnasa 2024. Reáchtáladh ceardlann brandála i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun na gníomhartha brandála/margaíochta a chur chun cinn. Seoladh lógó nua Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2024. Reáchtáladh cruinniú ceannairí FET an 6 Nollaig faoi na nuashonruithe branda agus faoin amlíne athbhrandála. Tharla rolladh amach feachtais fógraíochta Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath i samhradh 2024 freisin. Leis an bhfeachtas ilmheán sin dar teideal '*Tosaíonn Do Thodhchaí Anseo*', baineadh úsáid as meascán de na meáin lasmuigh, cló, raidió agus meáin shóisialta chun teachtaireachtaí chur chuige nua campais agus dámh Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath a chur in iúl. Bhí seastáin ag Coláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath ag imeacht Higher Options agus WorldSkills i mí Mheán Fómhair 2024 freisin. Bhain an seastán Higher Options úsáid as íomhánna geala, ildaite agus tarraingteacha ó fheachtas fógraíochta Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath ó shamhradh na bliana 2024. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Tacú le hathfhorbairt Lár na Cathrach Thoir Thuaidh, Ghort na Silíní & Dharndál agus le Tionscadal Ospidéal Náisiúnta na Leanaí. | Sainaithníodh céimeanna tábhachtacha chun rannpháirtíocht FET a fheabhsú i dtionscadail athfhorbartha suntasacha i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear Lár na Cathrach Thoir Thuaidh, Gort na Silíní, Darndál agus Tionscadal Ospidéal Náisiúnta na Leanaí. Seoladh Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn agus Dréachtphlean Gníomhaíochta Bhord Forfheidhmithe Ghort na Silíní i mí Aibreáin 2024. Ghlac ionadaithe ó BOO Chathair Bhaile Átha Cliath páirt ghníomhach i roinnt coistí, agus ghlac siad róil cheannaireachta mar chathaoirleach nó mar chomhchathaoirleach ar dhá choiste, rud a spreag dul chun cinn agus ailíniú le tosaíochtaí FET. |
| Straitéis Oideachais Aosaigh agus Pobail a chur i bhfeidhm i gceantar Lár na Cathrach Thoir Thuaidh. | Cuireadh Straitéis Oideachais Aosaigh agus Pobail chun feidhme i limistéar Lár na Cathrach Thoir Thuaidh ag tosú in R2 2024, i gcomhar le comhpháirtithe agus líonraí pobail. Bunaíodh grúpa oibre tiomnaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar ghrúpaí mionlaigh i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh.<br><br>Óstáladh comhdháil agus taispeántas Shárthaispeántas Comharsanachta Foghlama Lár na Cathrach Thuaidh i mí Aibreáin 2024, lenar ceiliúradh éachtaí foghlaimeoirí fásta agus neartaíodh an caidreamh idir soláthraithe oideachais.<br><br>Rinneadh dul chun cinn leanúnach ar chur chun feidhme mholtaí an phlean, agus deiseanna agus tacaíocht á gcur chun cinn d'fhoghlaimeoirí fásta agus pobail i gceantar Lár na Cathrach Thoir Thuaidh. |
| An féilire PLD eagraíochtúil a chur le chéile agus a chur chun feidhme. | Cuireadh féilire bliantúil um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (PLD) le chéile agus chun feidhme, a tugadh amach do gach ball foirne. Cinntíodh le hobair leantach agus meabhrúcháin sheachtainiúla go raibh rannpháirtíocht chomhsheasmhach ann. Ina theannta sin, rinneadh seisiúin shonracha d'Fhíordheimhnitheoirí Seachtracha, arna reáchtáil ag Dearbhú Cáilíochta FET, a chur chun cinn go gníomhach chun tacú le forbairt agus uasoiliúint foirne. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Sainoiliúint a eagrú do chohóirt fhoirne inaitheanta chun freagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn, don dea-chleachtas idirnáisiúnta agus chun tacú le feabhsuithe san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú. | Cuireadh tionscnamh oiliúna spriocdhírithe ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn, chun ailíniú le dea-chleachtais idirnáisiúnta, agus chun cumais foghlama, teagaisc agus measúnaithe a fheabhsú.<br><br>Óstáladh imeacht faisnéise agus ceardlainne do bhaill fhoirne atá páirteach i Scileanna chun Dul Chun Cinn, lenar cumhdaíodh topaicí ar nós státchabhrach, cáipéisí, agus iontráil sonraí ar PLSS.<br><br>Chríochnaigh 15 bhall foirne FET oiliúint Mental Health First Aid (MHFA) i Ráithe 1. Reáchtáladh dhá chruinniú pleanála chun comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú céimneach oiliúna MHFA do Dhaoine Fásta agus chun rannpháirtíocht a leathnú i measc fhoireann FET le linn Ráithe 3 agus 4. |
| Deiseanna PLD (Forbairt Litearthachta a Chur Chun Cinn) a sholáthar i bpríomhthéamaí mar fhreagra ar thosaíochtaí eagraíochtúla, tosaíochtaí náisiúnta agus dea-chleachtas idirnáisiúnta. | Cuireadh deiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla (PLD) ar fáil a bhí ag teacht le tosaíochtaí eagraíochtúla, spriocanna náisiúnta, agus dea-chleachtais idirnáisiúnta in 2024: Cuireadh seisiúin ar fáil ar Intleacht Shaorga (IS) tríd an bhféilire bliantúil PLD, agus tacaíochtaí leanúnacha á gcur chun cinn trí SharePoint na Foirne Foghlama Digití. Tugadh aghaidh ar úsáid Turnitin i seisiúin oiliúna sceidealaithe freisin.<br><br>Cuireadh Clár na Meáncheannairí ar fáil do 24 AP1 agus AP ar fud na hIar-bhunscoile agus an Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET), lena n-áirítear seisiún tiomnaithe ar luachanna BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chur in iúl.<br><br>Cuireadh Clár na gCeannairí atá ag Teacht Chun Cinn chun feidhme do 45 ball foirne ar fud FET agus na hIar-bhunscoile, lenar cothaíodh fás ceannaireachta.<br><br>Rinneadh seisiúin le SAOLTA ar Oideachas Saoránachta Domhanda do sheirbhísí tacaíochta FET, agus ar Oideachas Saoránachta Domhanda agus Dámhachtainí Domhanda Compass do Choláistí, chun feasacht a chur chun cinn ar an tionscnamh saoránachta domhanda. |
| Suirbhé Bliantúil ar Fhoghlaimeoirí FET a dhéanamh. | Rinneadh Suirbhé Bliantúil ar Fhoghlaimeoirí FET go rathúil: Rinneadh sonraí suirbhé a bhailiú, a athbhreithniú agus a anailísiú chun léargais thábhachtacha a fháil ó fhoghlaimeoirí. Cuireadh tuarascáil chuimsitheach le chéile lenar leagadh béim ar a gcuid torthaí agus comhroinneadh í le foghlaimeoirí agus le baill foirne araon chun trédhearcacht a chur chun cinn agus chun eolas a chur ar fáil do chinnteoireacht. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Rannpháirtíocht FET in imeachtaí na Comhairle Spóirt agus Cultúir (SCC) a mhéadú. Curaidh SCC a bhunú i ngach ionad FET agus tacú leis na gníomhaíochtaí a dhéantar chun SCC a chur chun cinn. | Tá méadú suntasach tagtha ar rannpháirtíocht FET in imeachtaí na Comhairle Spóirt agus Cultúir (SCC) trí Churaidh SCC a cheapadh i ngach ionad FET. Leithdháileadh uaireanta foirne tiomnaithe do gach ionad FET chun rannpháirtíocht a éascú, agus ghlac ionadaithe na n-ionad páirt ghníomhach i gcruinnithe SCC agus i bpleanáil imeachtaí. Leis na hiarrachtaí sin, tacaíodh le cur chun cinn agus eagrú níos fearr ar ghníomhaíochtaí SCC, agus feabhsaíodh rannpháirtíocht chultúrtha agus spóirt ar fud sholáthar FET. |
| Fócasghrúpaí Foghlaimeoirí FET. Fóram bliantúil foghlaimeoirí a bhunú chun torthaí suirbhé a scaipeadh agus chun gníomhartha sa todhchaí a mheas mar bhealach chun an lúb aiseolais a dhúnadh. | I mí an Mhárta, reáchtáladh fóram bliantúil foghlaimeoirí go rathúil i gColáiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath, Bóthar Bhaile Formaid, lenar tugadh ionadaithe foghlaimeoirí ó ionaid éagsúla agus ardbhainistíocht le chéile. Leis an bhfóram, éascaíodh scaipeadh thorthaí an tsuirbhé agus sainaithníodh gníomhartha tosaíochta le haghaidh níos mó cur chun feidhme. Ina theannta sin, rinneadh fócasghrúpaí le foghlaimeoirí in dhá ionad ESP (Clár Oideachais agus Tacaíochta) agus dhá ionad AES (Seirbhís Oideachais Aosaigh) ar a laghad, rud a chinntigh cur chuige cuimsitheach chun an lúb aiseolais a dhúnadh agus rannpháirtíocht foghlaimeoirí sa phróiseas cinnteoireachta a chur chun cinn. |
| Dhá imeacht ceannaireachta tras-FET a óstáil chun comhoibriú níos fearr a spreagadh ar fud an tsoláthair FET sa Chathair agus chun tacú leis na feabhsuithe feidhmiúcháin atá ar siúl. | Reáchtáladh trí imeacht ceannaireachta FET go rathúil in 2024, agus an sprioc thosaigh de dhá imeacht á sárú. Bhí an chéad imeacht ar siúl ar Champas Thoir Thuaidh Choláiste FET, an Gleanntán Glas, i mí Eanáir, agus ina dhiaidh sin bhí an dara himeacht ar siúl ar Champas Thoir Thuaidh Choláiste FET, Baile Munna, i mí an Mheithimh. Reáchtáladh an tríú himeacht freisin ar Champas Thoir Thuaidh Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Munna i mí na Nollag. Leis na himeachtaí sin, cothaíodh comhoibriú ar fud sholáthar FET agus tacaíodh le cur chun feidhme feabhsuithe tábhachtacha ar fud na cathrach. |
| An féilire PLD eagraíochtúil a chur le chéile agus a chur chun feidhme. | Rinneadh an féilire um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (PLD) a tháirgeadh go rathúil agus a chur chun cinn go forleathan in 2024. Soláthraítear leis an bhféilire seo sceideal cuimsitheach de dheiseanna oiliúna agus forbartha, lena dtacaítear le baill foirne ar fud na heagraíochta chun a gcuid scileanna agus fás gairmiúil a fheabhsú. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cúrsaí EDI, TCD a neartú. Méadú ar líon na foirne a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí DUF i gcomparáid le 2023. | Forbraíodh agus scaipeadh lámhleabhar treorach cuimsitheach chun clár Máistreachta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a chur chun cinn agus faisnéis a sholáthar faoi. Díríodh na hiarrachtaí ar líon na rannphháirtithe a shocrú don bhliain acadúil 2024/2025 thar na trí bliana Mháistreachta TCD. Ina theannta sin, cuireadh tús le pleanáil do Lá Tionchair Foghlama i Ráithe 2, atá ceaptha chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí rannpháirtithe Choláiste na Tríonóide agus Shuaitheantas DUF, agus tuilleadh tacaíochta á tabhairt do mhéadú ar rannpháirtíocht na foirne i dtionscnaimh Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) i gcomparáid le 2023. |
| Deiseanna cóitseála a fhorbairt agus a chur chun cinn do chohóirt foirne éagsúla laistigh de BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. | In 2024, cuireadh clár meantóireachta cuimsitheach do Phríomhoidí Tánaisteacha i gcrích go rathúil, agus ghlac 26 Príomhoide Tánaisteach páirt ann ar leibhéil éagsúla. Cuireadh cúigear meantóirí a bhfuil taithí acu ar fáil do Phríomhoidí Tánaisteacha nua ag tosú i mí Mheán Fómhair. Formheasadh é agus rinneadh seisiúin ullmhúcháin do chláir mheantóireachta a dhírigh ar Éascaitheoirí Oideachais Pobail, Eagraithe Litearthachta d'Aosaigh, Treoirchomhairleoirí Oideachais d'Aosaigh, agus bainisteoirí in earnálacha ar nós na Cúirte Cóireála Drugaí, an tSeirbhís do Pháistí Dealaithe (YES), agus na Fondúireachtaí. Ina theannta sin, fuair seisear bainisteoir urraíocht le haghaidh cóitseáil ceannaireachta oideachais in R4. Fuarthas formheasadh chun tionscnaimh meantóireachta a sheoladh d'Eagraithe Litearthachta d'Aosaigh, Éascaitheoirí Oideachais Pobail, Treoirchomhairleoirí Oideachais d'Aosaigh, YES, Fondúireachtaí, agus an Chúirt Cóireála Drugaí i mí na Bealtaine 2024, lena gcuirtear forbairt acmhainne agus ghairmiúil chun cinn i measc cohóirt foirne éagsúla. |
| Clár Forbartha Bainistíochta Gnólachtaí Nuathionscanta. Clár Meantóireachta Príomhoidí Tánaisteacha agus Clár na gCeannairí Ardaidhmeannacha atá ag Teacht Chun Cinn. | Sa bhliain 2024, cuireadh Clár na Meáncheannairí ar fáil go rathúil do 24 AP1 agus Príomhoide Cúnta (AP) ar fud na n-earnálacha Iar-bhunscoile agus FET, lena n-áirítear seisiún tiomnaithe ar luachanna BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chur in iúl. Bhí 45 ball foirne páirteach i gClár na gCeannairí atá ag Teacht Chun Cinn ar fud FET agus iar-bhunscoileanna, agus acmhainneacht agus cumas ceannaireachta á gcothú. Ina theannta sin, bhí imeacht Líonra Príomhoidí ar siúl i gCeanncheathrú BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh, agus bhí cur i láthair, turas treoraithe, agus seisiún C&F idirghníomhach ann chun comhoibriú agus naisc cheannaireachta a neartú. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Feabhas a chur ar cháilíocht na measúnuithe i soláthar FET BOO Chathair Bhaile Átha Cliath trí úsáid a bhaint as aiseolas ó Fhíordheimhnitheoirí Seachtracha, foghlaimeoirí, agus sonraí tagarmharcála QQI. | In 2024, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na measúnachta laistigh de sholáthar FET BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinneadh ceardlanna agus clinicí measúnaithe a chur chun cinn go gníomhach i measc na foirne, lenar soláthraíodh treoir agus tacaíocht. Ina theannta sin, bunaíodh grúpa oibre QADG chun measúnuithe comhpháirteacha samplacha a dhearadh ar fud na modúl, agus chothaigh sé comhtháthú níos fearr idir cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Leis an gcur chuige sin, treisítear aiseolas ó Fhíordheimhnitheoirí Seachtracha, ó fhoghlaimeoirí, agus ó shonraí tagarmharcála QQI chun feabhsú leanúnach agus ailíniú le dea-chleachtais a chinntiú. |
| Féilire Seirbhíse Tacaíochta & Rannpháirtíochta Foghlaimeoirí a cheapadh ar féidir leis an bhfoireann a úsáid chun eolas a thabhairt faoi imeachtaí agus gníomhaíochtaí curaclaim a bhaineann le laethanta aitheanta go hidirnáisiúnta a cheiliúrann feasacht chultúrtha agus éagsúlacht. | Forbraíodh Féilire Seirbhíse Tacaíochta & Rannpháirtíochta Foghlaimeoirí ráithiúil agus scaipeadh é ar na hionaid, ina raibh faisnéis mhionsonraithe chun tacú le pleanáil imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá ailínithe le laethanta cultúrtha agus éagsúlachta atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Leis an tionscnamh sin, cuireadh feabhas ar chumas na foirne feasacht chultúrtha a chur chun cinn agus ionchuimsitheacht a chothú laistigh dá dtimpeallachtaí oideachasúla. |
| Mar chuid den sprioc straitéiseach chun an Ghaeilge a chur chun cinn inár scoileanna, mar ábhar agus mar theanga bheo – Lá Idirnáisiúnta na Máthairtheangacha a chur chun cinn. | Leanadh den chomórtas *'Roinn do chuid Focal'* go rathúil, lena spreagtar foghlaimeoirí chun éagsúlacht teanga agus chultúrtha a cheiliúradh ar fud BOO. Bhí an tionscnamh sin ag teacht leis an sprioc straitéiseach chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar ábhar agus mar theanga bheo araon, agus chothaigh sé meas ar Lá Idirnáisiúnta na Máthairtheangacha agus ar an éagsúlacht shaibhir teangacha a labhraítear sa phobal ag an am céanna. |
| Leanúint de Nuachtlitir na Seirbhíse Tacaíochta agus Rannpháirtíochta Foghlaimeoirí FET a fhoilsiú a chuireann cleachtais chruthaitheacha agus nuálacha chun cinn inár n-ionaid a bhaineann le hionchuimsiú, éagsúlacht agus rannpháirtíocht foghlaimeoirí. | In 2024, foilsíodh trí eagrán de Nuachtlitir na Seirbhíse Tacaíochta agus Rannpháirtíochta Foghlaimeoirí FET agus dáileadh iad ar an bhfoireann. Bhí ábhar éagsúil tarraingteach sna heagráin sin, lena n-áirítear ailt ar Voices for Change: Foghlaimeoirí ag Treorú an Bhealaigh, an chéad Chomhdháil Foghlaimeoirí de chuid Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath, ceiliúradh Mhí an Bhróid, Seónna agus Taispeántais Deireadh Bliana, gníomhaíochtaí foghlaimeoirí Oideachais d'Aosaigh, tionscnaimh Ionchuimsithe, buaicphointí Spóirt na nDaltaí, agus an ócáid uathúil Bricfeasta i Muinseo. Leanann an nuachtlitir de bheith ag taispeáint agus ag cur cleachtais nuálacha chun cinn ar fud ionaid FET, ag cothú ionchuimsithe, éagsúlachta agus rannpháirtíocht foghlaimeoirí. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Ríomhphunanna a fhorbairt le húsáid ar fud BOO. | Forbraíodh agus formheasadh togra cuimsitheach agus plean feidhmithe chun ríomhphunanna a ghlacadh ar fud FET do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí araon ag an gCoiste Pleanála um Dhearbhú Cáilíochta agus Caighdeáin (QASPC). Chruthaigh an grúpa oibre Ríomhphunann punanna samplacha agus úsáid á baint as OneNote agus LinkedIn Learning, rud a léirigh comhtháthú éifeachtach san fhoghlaim. Óstáladh ábhair thacaíochta ar shuíomh Foghlama Digití SharePoint, agus cuireadh seisiúin oiliúna spriocdhírithe ar fáil i dtrí ionad FET le linn mhí Mheán Fómhair. Leis na seisiúin sin, díríodh ar úsáid a bhaint as ríomhphunanna, OneNote, agus Microsoft Teams chun cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fheabhsú. |
| Úsáid a bhaint as an mol foghlama digití agus an suíomh Moodle an Aonaid Forbartha Curaclaim chun feabhas a chur ar rochtain na foirne ar uirlisí digiteacha agus ar an gcumas iad a úsáid go héifeachtach le haghaidh foghlama, teagaisc agus measúnaithe. | Seoladh Lárionad Foghlama Digití na foirne go rathúil agus tá sé gníomhach anois ag https://cdetb.sharepoint.com/sites/DigitalLearningTEL Tá ábhar ar an suíomh a nuashonraítear go rialta thar phríomhréimsí, lena n-áirítear Tionscadail, Forbairt, Ardáin Dhigiteacha, Acmhainní, agus Micridhintiúir, rud a chuireann tacaíocht chuimsitheach ar fáil don fhoireann chun uirlisí digiteacha a úsáid go héifeachtach le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe. |
| Cumas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a mhéadú chun páirt a ghlacadh i dtionscadail idirnáisiúnta agus foghlaim uathu. | Shínigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath Meabhrán Tuisceana (MT) leis an Region Académique Occitanie, an Fhrainc, lenar bunaíodh creat le haghaidh comhoibriú. Rinneadh cuairteanna cómhalartacha idir ionadaithe VET Occitanie agus foireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath chun iniúchadh a dhéanamh ar thionscadail chomhpháirteacha féideartha agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt, rud a fheabhsóidh a thuilleadh cumas BOO páirt a ghlacadh i dtionscnaimh idirnáisiúnta agus leas a bhaint astu. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú céimneach na Seirbhíse Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, a sholáthraíonn NLN agus úsáid á baint as sonraí riaracháin, freagraí suirbhé ó úsáideoirí na seirbhíse agus fócasghrúpaí leis an bhfoireann agus le foghlaimeoirí. | Reáchtáladh cruinniú athbhreithnithe le NLN, leis an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta, agus le Ceann Tacaíochta Foghlaimeoirí chun torthaí na Seirbhíse Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a mheas. Comhaontaíodh príomhghníomhartha don bhliain acadúil 2024-25, lenar díríodh ar an tseirbhís a fheabhsú. Ina theannta sin, tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag déanamh scrúdú ar dhréacht-thograí ó SOLAS faoi láthair atá dírithe ar an tseirbhís a leathnú chun tacú le gach foghlaimeoir lánaimseartha, rud a chinnteoidh inrochtaineacht agus ionchuimsiú níos leithne. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Mar chuid den tosaíocht chun campais FET BOO atá feiliúnach don uathachas a bheith againn, leanúint de chur i bhfeidhm na Seirbhíse Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas arna sholáthar ag NLN agus úsáid á baint as sonraí riaracháin, freagraí suirbhé ó úsáideoirí na seirbhíse agus fócasghrúpaí le baill fhoirne agus le foghlaimeoirí. | Rinneadh iniúchtaí céadfacha agus timpeallachta i gcúig ionad FET, agus comhroinneadh tuarascálacha agus moltaí mionsonraithe le foirne bainistíochta chun cleachtais atá feiliúnach don uathachas a fheabhsú. Críochnaíodh ceithre iniúchadh breise, agus tá ceithre cinn eile le bheith críochnaithe in R1 2025. Bhí seisiún Foghlama agus Forbartha Gairmiúla (PLD) do bhainisteoirí ionad ar siúl i mí na Nollag 2024, agus dhírigh sé ar inrochtaineacht chéadfach agus timpeallachta i bhfoirgnimh, rud a chuir iarrachtaí chun campais FET ionchuimsitheacha agus inrochtana a chruthú chun cinn. |
| Mol/tairseach foghlaimeora ar líne a fhorbairt chun go bhféadfaidh foghlaimeoirí acmhainní agus faisnéis a rochtain. | Tá ábhar don Mhol Foghlaimeora forbartha agus ullmhaithe go hiomlán le haghaidh comhtháthú ar SharePoint. Tá forbairt theicniúil an tsuímh, faoi stiúir na Foirne Foghlama Digití, ar siúl faoi láthair agus meastar go mbeidh sí críochnaithe in R1 2025. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh sin rochtain láraithe a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ar acmhainní agus faisnéis riachtanach, rud a fheabhsóidh a dtaithí fhoghlama. |
| Mar chuid den tosaíocht chun deiseanna a chur chun cinn agus leas a bhaint astu chun soláthar seirbhísí oideachais agus oiliúna i gcathair Bhaile Átha Cliath a leathnú agus a fheabhsú, ba é an sprioc clár Damhsa leibhéal 6 a athdhearbhú | Rinneadh athbhreithniú iomlán ar chlár Damhsa Leibhéal 6 bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus cuireadh faoi bhráid QQI é lena athdhearbhú. I mí an Mheithimh, rinne Coiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí QQI dámhachtain CAS Leibhéal 6 sa Damhsa a dhearbhú go hoifigiúil, rud a dhaingnigh gealltanas Chathair Bhaile Átha Cliath do dheiseanna oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin a leathnú agus a fheabhsú. |
| Leanúint de bheith mar phríomhoideachasóir poiblí ar cheartas aeráide sa chathair. | I mí Aibreáin, sheol Campas Thoir Thuaidh Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath (Bóthar Bhaile Munna) Dámhachtain Cuspóra Speisialta Leibhéal 3 nua dar teideal Réamhrá don Cheartas Aeráide. Leis an tionscnamh sin, neartaítear ról ceannaireachta na hinstitiúide i gcur chun cinn oideachais agus feasachta phoiblí maidir le ceartas aeráide sa chathair. |
| Tuarascáil ar phlean gníomhaíochta an Dearbhaithe Cáilíochta a chur faoi bhráid QQI. | In 2024, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tuarascáil agus plean gníomhaíochta Dhearbhú Cáilíochta BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a ullmhú, atá le cur faoi bhráid QQI i mí Feabhra 2025. Tá an obair sin ag teacht le forbairt leanúnach QQI ar chreat nua maoirseachta cáilíochta atá oiriúnaithe d'earnáil BOO, rud a chinntíonn comhlíonadh agus feabhsú leanúnach ar chaighdeáin cháilíochta. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Pleananna Feabhsaithe Cáilíochta Ionad FET agus Réimse Seirbhíse | Foilsíodh tuarascálacha agus pleananna Feabhsaithe Cáilíochta Ionad agus Réimse Seirbhíse ar shuíomh Teams an Dearbhaithe Cáilíochta, agus seoladh suíomh SharePoint tiomnaithe in R4. Tiomsaíodh tuarascáil chomhdhlúite ar Phlean Feabhsaithe Cáilíochta agus rinneadh athbhreithniú uirthi trí ghrúpaí rialachais BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>Cuireadh eolas ar fáil leis na tuarascálacha sin d'obair shé ghrúpa oibre Dearbhaithe Cáilíochta do 2024/25 agus threoraigh siad pleananna oibre seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear réimsí ar nós Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (PLD), Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, Dearbhú Cáilíochta, Rannpháirtíocht agus Tacaíocht Foghlaimeoirí, agus Rannpháirtíocht Fostóirí. Tá plean oibre na Seirbhíse Tacaíochta/an Aonaid Forbartha Curaclaim do 2024/25 críochnaithe, agus tá tús curtha leis an gcur chun feidhme. |
| Oiliúint chórasach foghlaimeoirí agus torthaí a mhéadú - cáilíocht sonraí a fheabhsú. | Cuireadh tús le forbairt córais nua a bhaineann úsáid as Power BI chun sonraí agus amharcléirithe atá ann cheana a chomhdhlúthú. Leis an uirlis sin, feabhsaítear rianú torthaí foghlaimeoirí agus éascaítear cruthú creata chuimsithigh soláthair agus mapála cúrsa, rud a fheabhsaíonn cáilíocht sonraí agus inrochtaineacht go suntasach le haghaidh cinnteoireachta bunaithe ar eolas. |
| Beartas a fhorbairt chun gráid a chur isteach ar QBS le húsáid ar fud na gcoláistí FET. | In 2024, chuir grúpa oibre moltaí mionsonraithe faoi bhráid an Choiste Pleanála um Dhearbhú Cáilíochta agus Caighdeáin (QASPC) le haghaidh beartas caighdeánaithe maidir le grád a chur isteach ar QBS i gcoláistí FET. D'fhormheas an Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta na moltaí, agus eisíodh meamram foirmiúil chuig gach ionad, agus treoracha á dtabhairt dóibh cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh maidir le foghlaimeoirí a iontráil ar QBS, rud a chinntíonn bainistíocht sonraí níos éifeachtaí agus níos cruinne. |
| Beartas um Ionracas Acadúil agus nósanna imeachta míchleachtais a nuashonrú le húsáid ar fud BOO agus uirlisí, acmhainní agus oiliúint chun tacú le hionracas acadúil | Chuir an grúpa oibre um Ionracas Acadúil moltaí faoi bhráid an Choiste Pleanála um Dhearbhú Cáilíochta agus Caighdeáin (QASPC), agus d'fhormheas Stiúrthóirí FET iad. Eisíodh meamram chuig ionaid agus treoracha á dtabhairt dóibh an beartas nuashonraithe a chur chun feidhme.<br><br>Forbraíodh acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ionracais acadúla, lena n-áirítear úsáid dhearfach IS sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Ina theannta sin, cruthaíodh treoirlínte agus acmhainní maidir le míchleachtas chun cabhrú le hionaid agus le hoideachasóirí teagmhais míchleachtais a bhainistiú go héifeachtach. Bhí na treoirlínte sin inrochtana trí shuíomh SharePoint fhoireann an Aonaid Forbartha Curaclaim chun tacú le hionaid agus iad ag coinneáil ardchaighdeáin ionracais acadúil ar bun. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
| --- | --- |
| Plean feidhmithe a fhorbairt chun ríomhphunanna a úsáid ar fud sholáthair FET. | D'fhorbair an grúpa oibre Ríomhphunann punanna samplacha go rathúil agus úsáid á baint as OneNote agus LinkedIn Learning, agus léiríodh dea-chleachtais ina gcur i bhfeidhm. Óstáladh ábhair thacaíochta ar shuíomh Foghlama Digití SharePoint, agus cuireadh seisiúin oiliúna spriocdhírithe ar fáil thar trí ionad FET i mí Mheán Fómhair.<br><br>Leis na seisiúin sin, díríodh ar Ríomhphunanna, OneNote, agus Teams a chomhtháthú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú, rud a thacaíonn le cur chuige comhsheasmhach nuálach ar fud sholáthar FET. |
| Soiléirithe a sholáthar ar an difríocht idir socruithe réasúnta agus DUF i measúnuithe FET. | Forbraíodh agus foilsíodh doiciméad soiléirithe cuimsitheach ar shuíomh SharePoint an Aonaid Forbartha Curaclaim chun idirdhealú a dhéanamh idir socruithe réasúnta agus prionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) i measúnuithe FET. Cuireadh nuashonruithe in iúl d'Fhóram Teams an Dearbhaithe Cáilíochta, agus tá na hathruithe á gcur chun cinn go gníomhach trí Phobail Chleachtais Múinteoirí Treorach agus Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) chun tuiscint agus cur chun feidhme forleathan a chinntiú. |
| Treoir ar choibhéis idir measúnuithe traidisiúnta agus cur chuige DUF. | D'fhorbair grúpa oibre tiomnaithe doiciméad treorach coibhéise, ina raibh moltaí a cuireadh faoi bhráid an Choiste Pleanála um Dhearbhú Cáilíochta agus Caighdeáin. D'fhormheas an Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta an doiciméad agus scaipeadh ar an bhfoireann é trí mheamram foirmiúil. Tá sé ar fáil anois ar shuíomh SharePoint an Aonaid Forbartha Curaclaim chun tacú le baill fhoirne measúnuithe traidisiúnta a ailíniú le prionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF). |
| Seoladh an tsuímh foghlama digití SharePoint a óstáil chun feasacht a mhúscailt i measc na foirne ar an dea-chleachtas i réimse an dearaidh uilíoch, acmhainní agus forbairt foghlama gairmiúla atá ar fáil a léiriú agus rochtain atá ar fáil go héasca ar theicneolaíochtaí nua a chruthú. | Seoladh suíomh SharePoint tiomnaithe don fhoghlaim dhigiteach go rathúil agus déantar é a nuashonrú i gcónaí chun dea-chleachtais a thaispeáint, deiseanna forbartha foghlama gairmiúla a threorú, agus rochtain réidh a sholáthar don fhoireann ar theicneolaíochtaí agus acmhainní ceannródaíocha. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Tacú le grúpaí rialachais Feabhsaithe Cáilíochta trí thacaíocht a sholáthar do chruinnithe PMDG, agus iarrataí ó PMDG a chomhlíonadh i ndáil le bainistíocht agus forbairt clár. | Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2024 chun tacú le rialachas Feabhsúcháin Cáilíochta. D'fhorbair agus dheimhnigh QQI dhá ghradam thábhachtacha Leibhéal 6 lena gcur chun feidhme in R3. Ina theannta sin, dheimhnigh QQI 10 gclár nua lena n-úsáid ar fud ionaid FET, rud a fheabhsaíonn tairiscintí clár a thuilleadh agus a ailíníonn le riachtanais earnálacha. |
| Tacaíocht a thabhairt do chruinnithe QADG, iarrataí ó QADG a chomhlíonadh i ndáil le foghlaim, teagasc agus measúnú a fheabhsú. | I mí Mheán Fómhair 2024, bunaíodh sé ghrúpa oibre tiomnaithe chun beartais chomhtháite, nósanna imeachta cuíchóirithe agus teimpléid chaighdeánaithe a fhorbairt lena gcur chun feidhme ar fud FET. Bunaíodh na grúpaí sin go straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn a sainaithníodh trí Phleananna Feabhsaithe Cáilíochta, athbhreithnithe Dearbhaithe Cáilíochta, agus cleachtais náisiúnta atá á bhforbairt sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. |

# Seirbhísí Óige

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Deiseanna a chruthú chun obair óige a chur chun cinn ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath. | Le seoladh an chláir faisnéise Glórtha Óige Chathair Bhaile Átha Cliath san Earrach, leagadh béim ar luach na hoibre óige agus na rannpháirtíochta trí Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, bhí Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath agus roinnt tionscadal óige le feiceáil i bParáid na Féile Pádraig. Leis an ócáid sin, bhíothas in ann Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath agus Obair Óige a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. |
| Soláthar oibre óige faoi stiúir oibrithe deonacha a chur chun cinn ar fud chathair Bhaile Átha Cliath. | Reáchtáladh Imeacht Aitheantais d'Oibrithe Deonacha Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath i bPáirc an Chrócaigh i mí Feabhra. D'fhreastail go leor daoine air sin agus tugadh aitheantas dóibh as a gcúnamh don óige. Thug oibrithe deonacha aiseolas ar an oíche maidir le forbairt ár straitéise um oibrithe deonacha. |
| Straitéis um oibrithe deonacha 2024 a fhorbairt i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara. | Seoladh Straitéis um Oibrithe Deonacha Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath mar aon leis an amlíne dá cur chun feidhme. Mar ullmhúchán don straitéis, iarradh ar bhreis is 40 eagraíocht dheonach a dtuairimí a thabhairt. Cuireadh é sin chun cinn trí phlé neamhfhoirmiúil agus foirmiúil le heagraíochtaí deonacha. Ina theannta sin, comhaontaíodh tionscnamh nua forbartha clubanna le RLCMLÓ lena n-áirítear na Príomhtháscairí Feidhmíochta. |
| Cur chuige atá bunaithe ar shonraí a éascú laistigh den earnáil oibre óige i gCathair Bhaile Átha Cliath. A chinntiú go ngabhtar agus go n-úsáideann BOO sonraí a sholáthraíonn tionscadail/seirbhís agus clubanna/grúpaí trí na meicníochtaí tuairiscithe éagsúla agus tríd an mbailiú sonraí saincheaptha agus pleananna agus tionscnaimh á bhforbairt. | Leanann Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath de chur chuige atá bunaithe ar shonraí a chur san áireamh laistigh den earnáil oibre óige i gCathair Bhaile Átha Cliath, rud a chuireann ar a chumas do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath pleananna agus tionscnaimh a fhorbairt don earnáil oibre óige.<br><br>Bailíodh agus rinneadh anailís ar shonraí cainníochtúla arna soláthar ag tionscadail faoi stiúir foirne le linn tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn chun eolas a dhéanamh do phleanáil, tacaíocht agus forbairt. Tá tacair sonraí arna n-ullmhú ag CYPSC do dheisceart na cathrach á n-úsáid.<br><br>Rinneadh suirbhé ar fud na cathrach ar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le clár gníomhaíochtaí a chur ar fáil le linn chlár Oíche Shamhna i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Tá fócasghrúpa le 30 eagraíocht mhaoinithe chun aighneacht a fhorbairt chuig RLCMLÓ chun tacaíocht agus maoiniú a sholáthar do raon tionscnamh. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cur le forbairt beartais agus cleachtais in obair óige. Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir le forbairt an Phlean Gníomhaíochta Óige Náisiúnta. A chinntiú go bhfuil guth daoine óga agus seirbhísí lárnach i bhforbairt treo beartais. | Reáchtáladh comhairliúcháin le hoibrithe óige, soláthraithe, daoine óga agus coiste oibre óige chun freagra a fhorbairt ar Thorthaí Straitéiseacha an Phlean Gníomhaíochta Óige a cuireadh faoi bhráid RLCMLÓ i mí Feabhra.<br><br>Iarradh aiseolas ó Eagraíochtaí Maoinithe maidir le forbairt teimpléid tuairiscithe ar dhul chun cinn bliantúil UBU (22 eagraíocht mhaoinithe) agus rinneadh aighneacht chuig BOOÉ. Reáchtáladh dhá mhaidin phleanála (80 duine i láthair) le tionscadail chun liosta seimineár bunaithe ar chleachtas a fhorbairt a chuirfeadh luach le forbairt na gclár in 2024.<br><br>Dhírigh seimineár cleachtais mhí na Bealtaine ar an méadú ar chiníochas (38 rannpháirtí), agus dhírigh seimineár cleachtais mhí an Mheithimh ar Éagsúlacht Inscne (14 rannpháirtí). Thug dhá thionscadal atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath ionchur i gcleachtas comhroinnte comhdhála BOOÉ a forbraíodh i mBaile Átha Cliath a bhaineann le hobair scoite agus oideachas lasmuigh in obair óige. |
| Bunluachanna a chur i bhfeidhm laistigh d'oibríochtaí rannpháirtíochta Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath leis an earnáil oibre óige. | Rinneadh cleachtadh luachanna ag lá pleanála foirne Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir, agus tá pleanáil leanúnach ar siúl do lá forbartha foirne maidir leis na bunluachanna a chur i bhfeidhm inár gcuid oibre.<br><br>Trí éascaitheoir a úsáid i seisiúin foirne, bhí cur chuige fiosrúcháin mheasúil ann a scrúdaigh ionchur na foirne san eagraíocht agus conas is féidir leis an gcleachtas léiriú a dhéanamh ar ár mbunluachanna i dtéarmaí praiticiúla. |
| Comhoibriú méadaithe le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear líonraí oibre óige a óstáil chun comhoibriú a chinntiú ag leibhéal áitiúil. | ▪ Rinne Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara i rith na bliana agus d'óstáil siad roinnt imeachtaí líonraithe do dhaoine óga.<br><br>▪ Éascaíodh dhá Líonra Oibrithe Óige chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt clár forbartha acmhainne agus clár ealaíon. Éascaíodh trí Líonra Oibrithe Óige i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh sa chéad ráithe.<br><br>▪ Bhí cruinniú líonra bainisteoirí oibre óige i ndeisceart na cathrach ar siúl an 8 Bealtaine, agus bhuail Líonra an Oirthuaiscirt le chéile an 23 Bealtaine agus an 20 Meitheamh chun 8 dtionscadal/seirbhís a phlé. Éascaíodh Líonra Seirbhísí Óige Lár na Cathrach Thoir Thuaidh i mí Aibreáin (9 seirbhís), i mí na Bealtaine (9 seirbhís), agus i mí an Mheithimh (7 seirbhís). Seisiún foirne ar an líne thosaigh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh an 25 Aibreán, 56 rannpháirtí. |
| | ▪ Bhí Cruinniú Líonra Lár na Cathrach Thoir Thuaidh ar siúl an 3 Meán Fómhair - 10 seirbhís agus 14 dhuine i láthair.<br><br>▪ Bhí maidin de Líonra Foirne ar an Líne Thosaigh ar siúl an 26 Meán Fómhair - 15 sheirbhís/42 duine i láthair. I mí Lúnasa, i réigiún na cathrach Thoir Thuaidh, bhuail cúig Thionscadal/Sheirbhís le chéile mar chuid den phleanáil do thuras campála Líonra an Oirthuaisceart i mí Lúnasa. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Ionadaíocht a dhéanamh ar Obair Óige ar struchtúir agus foghrúpaí ardleibhéil a bhfuil raon páirtithe leasmhara acu. | Thug Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath ionchur i bhforbairt na ngníomhartha faoi Cholún na Seirbhísí Oibre Óige i bPlean Gníomhaíochta nua Bhord Feidhmithe Ghort na Silíní le linn Ráithe 1. Ina theannta sin, tá struchtúir rannpháirtíochta leanúnacha agus foghrúpaí Lár na Cathrach Thoir Thuaidh, CYPSC agus Ghrúpa Maoirseachta Dharndál ann.<br><br>D'fhreastail Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath ar dhá chruinniú de chuid CYPSC Dheisceart na Cathrach agus thug siad ionchur in dhá fhoghrúpa. Sa dara ráithe, bhunaigh Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath foghrúpa colún seirbhísí oibre óige faoi Bhord Feidhmithe Ghort na Silíní.<br><br>D'fhreastail Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath ar cheithre Chruinniú de chuid Ghrúpa Maoirseachta Dharndál mar ullmhúchán don phlean nua. Cuireadh ionchur ar fáil freisin don ghrúpa saineolaithe do Ghradaim Tuar Ceatha. |
| Deiseanna a thabhairt don fhoireann páirt a ghlacadh in oiliúint atá oiriúnach dá riachtanas. | ▪ Tá cur chun feidhme phlean oiliúna Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath ag dul ar aghaidh.<br>▪ Tá ball foirne amháin ag glacadh páirte i gcúrsa cóitseála.<br>▪ Ghlac ball foirne amháin páirt sa mhodúl Bainistíocht Athruithe de chuid Scileanna chun Dul Chun Cinn - Leibhéal 6 ILM, agus ghlac triúr ball foirne páirt sa chúrsa Miontuairiscí a Scríobh.<br>▪ Ghlac an fhoireann ar fad páirt in oiliúint 'Folláine ag an Obair' i mí Mheán Fómhair. |
| Deiseanna a sholáthar do bhaill foirne chun machnamh a dhéanamh ar chleachtas agus chun a gcur chuige gairmiúil a fhorbairt. | Bíonn lá/laethanta pleanála/forbartha ag gach foireann Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath agus éascaítear seisiúin mhachnaimh chun foghlaim ó chleachtas a fheabhsú. Seisiún machnaimh foirne ar an Ócáid Glórtha Óige agus an Ócáid Aitheantais d'Oibrithe Deonacha ar siúl chun a chinntiú gur gabhadh ceachtanna ón gcleachtas i dteannta a chéile. Cuireadh deis mhachnaimh ar fáil freisin don Fhoireann Ealaíon agus Acmhainneachta ar Lá Fhéile Pádraig le hoibrithe agus éascaitheoirí óige. |
| Tá guth na ndaoine óga san áireamh i ngach gné d'fhorbairtí straitéiseacha maidir le hobair óige. | Sa chéad ráithe, d'fhreastail 250 duine óg ar Ócáid Glórtha Óige Chathair Bhaile Átha Cliath an 13 Feabhra le haghaidh cruinniú comhchéime le lucht déanta beartas, agus comhroinneadh dea-chleachtas agus seoladh físeán.<br><br>Críochnaíodh tuarascáil ar an ócáid agus cuireadh faoi bhráid Léargas í sa dara ráithe. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Tacú le léiriú cruthaitheach Daoine Óga le ceardlanna oiliúna | Bhí ceardlanna uasoiliúna d'oibrithe óige ar siúl i mí na Bealtaine maidir le smaointe do chláir shamhraidh. |
| Tacaíocht dhíreach ó Cheannaire Tionscadal Ealaíon Óige trí cheardlanna a sholáthar do dhaoine óga sna hamharcealaíona lena n-áirítear cur chuige téamach i.e. Naomh Pádraig, Oíche Shamhna, Lá Idirnáisiúnta na nÓg etc. | ▪ Sa chéad ráithe tugadh tacaíocht do na seacht dtionscadal a ghlac páirt i bParáid na Féile Pádraig. Obair théamach le seirbhís óige réigiúnach agus úsáid á baint as cur chuige na n-amharcealaíon chun aghaidh a thabhairt ar cheist na hionchuimsitheachta.<br>▪ Sa dara ráithe, bhí clár samhraidh ealaíon díreach ar siúl i rith mhí an Mheithimh. Clár Metric Games i seacht dtionscadal óige agus 1 Ógtheagmháil.<br>▪ Agus sa tríú ráithe, rinneadh clár samhraidh na n-ealaíon a sheachadadh go díreach i mí Iúil, agus bhí seisiúin Metric Games le cúig thionscadal ar siúl mar chuid den chlár samhraidh i mí Iúil. |
| Comhoibriú le príomhpháirtithe e.g. DCC Arts, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) etc. | I ráithe a haon agus a dó, lean Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath de bheith ag comhoibriú lena chéile chun obair óige agus Music Generation a chur i gcrích. Sa tríú ráithe, pleanáil cláir le Music Generation do Chláir Chumadóireachta Amhrán agus Léiriúcháin Ceoil do Dhaoine Óga ar fud 15 Thionscadal Óige éagsúla le tosú i (mí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag) le cúig Thionscadal Óige, agus pleanáil cláir freisin le seisiún oiliúna d'Oibrithe Óige i mBogearraí Léiriúcháin Ceoil. |
| Tacú le forbairt tionscadal/seirbhísí oibre óige agus clubanna/grúpaí faoi stiúir oibrithe deonacha. | ▪ Leanann Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath de thacaíocht a thabhairt do thionscadail/seirbhísí oibre óige agus do chlubanna/grúpaí faoi stiúir oibrithe deonacha.<br>▪ Sa chéad ráithe, reáchtáladh seisiúin forbartha acmhainne lena n-áirítear cleachtas ionchuimsitheach, fuath a chlaochlú, uasoiliúint i gcur chuige ealaíon etc. Eiseofar féilire imeachtaí chuig na heagraíochtaí maoinithe.<br>▪ Sa dara ráithe, ghlac 15 oibrí óige páirt in oiliúint ar fhoréigean ar bhonn inscne.<br>Cuireadh Scileanna chun Ceannaireacht a Chur Chun Cinn Leibhéal 6 de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm do Cheannairí agus Bainisteoirí Óige sa tríú ráithe. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| SharePoint inmheánach a úsáid chun inrochtaineacht doiciméad a fheabhsú. | Sheol Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath a SharePoint féin atá comhroinnte leis an bhfoireann go léir. Is féidir leis an bhfoireann na doiciméid go léir a rochtain ar an láthair, ag obair go cianda/lasmuigh den láthair i dtionscadail.<br><br>Is féidir le roinnt ball foirne bheith ag obair ar dhoiciméid ag aon am amháin, rud a mhéadaíonn táirgiúlacht. |
| Teagmháil leanúnach le comhpháirtithe AE. | Bhí rannpháirtíocht leanúnach le Europe Goes Local (cruinnithe déмhíosúla) in 2024. Díríonn an grúpa sin ar bheartas oibre óige AE a thabhairt chuig an leibhéal áitiúil trí phlean gníomhaíochta. Ionchur i bhforbairt phlean gníomhaíochta 2024 don obair óige. |
| Aiseolas ar thacaíocht a cuireadh ar fáil don earnáil oibre óige. | Leanann Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag feabhsú a soláthair trí aiseolas a bhailiú. Bailíonn Líonraí Oibrithe Óige aiseolas trí úsáid a bhaint as Mentimeter. Úsáidtear an t-aiseolas sin chun feabhas a chur ar eispéireas an tseisiúin agus chun cleachtadh a fheabhsú.<br><br>Comhroinneadh suirbhé aiseolais le daoine óga sa dara ráithe a ghlac páirt i bparáid na Féile Pádraig. Tá a n-aiseolas curtha i dtoil a chéile agus pléite a thuilleadh leo ag ócáid ghrúpa sa tríú ráithe. |
| Tús a chur leis an tairseach deontais agus tuairiscithe ar líne (SUBMIT.COM) | Thacaigh Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath le tabhairt isteach submit.com. Sa chéad ráithe, chláraigh clubanna/ grúpaí faoi stiúir oibrithe deonacha le haghaidh submit.com. Sa dara ráithe, seoladh Scéim Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla (LYCGS) ar submit.com i mí Aibreáin agus íocadh iarratais i mí an Mheithimh.<br><br>Seoladh deontas oiliúna i mí an Mheithimh agus fuarthas iarratais. Seoladh deontas gníomhaíochta i mí an Mheithimh agus fuarthas 55 iarratas. Seoladh dhá bhabhta de Dheontais Chlár Gníomhaíochta (70 iarratas) agus Deontais Chuspóra Speisialta (7 n-iarratas) i mí Iúil sa tríú ráithe. I mí Lúnasa seoladh 25 iarratas ar Dheontas Forbartha (13 iarratas) & Miondheontas (folláine agus oiliúint foirne). Seoladh freagra ar an nGlao ar Sheirbhís i ndáil leis an tionscnamh píolótach ar an ardán i mí Mheán Fómhair. |
| Cúrsaí oiliúna curtha ar fáil d'iarratasóirí clubanna faoi stiúir oibrithe deonacha trí sheisiúin phearsanta. | Chuir foireann Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath tacaíocht leanúnach ar fáil do chlubanna agus do ghrúpaí i mbliana, agus béim á leagan ar chórais ón mBainisteoir Deontas, ón bhFoireann Riaracháin agus ó Oifigigh Idirchaidrimh. De réir mar a sheoltar deontais ar submit.com, cuirtear tacaíocht ar fáil. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cáipéisí a chur faoi bhráid na Roinna Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) go tráthúil | Oibríonn Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go gcuirtear doiciméid faoi bhráid RLCMLÓ go tráthúil. Trína chinntiú go bhfuil na cáipéisí ábhartha go léir uaslódáilte agus inrochtana lena bhformheas ag RLCMLÓ go tráthúil, cinntítear go gcuirtear na comhaontuithe seirbhíse, na tuarascálacha ar dhul chun cinn agus na cuntais iniúchta isteach laistigh den spriocdháta ceart freisin. |
| Tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht laistigh den earnáil i mBaile Átha Cliath. | Leanann Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath de thacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht laistigh d'earnáil óige Chathair Bhaile Átha Cliath. Seoladh deontais nuálaíochta i mí an Mheithimh agus rinneadh seacht n-iarratas agus moladh cúig cinn.<br><br>Ina theannta sin, seoladh an Tionscnamh Tacaíochta Infhostaitheachta Spriocdhírithe Nua agus bronnadh é ar dhá thionscadal/sheirbhís i mBaile Átha Cliath.<br><br>Sa tríú ráithe, seoladh tionscnamh píolótach chun clubanna faoi stiúir oibrithe deonacha a fhorbairt i mBaile Pheiléid/sa Chanáil Ríoga. |
| Tacú le eagraíochtaí maoinithe chun freastal ar riachtanais rialachais a bhaineann leis an scéim D'Áit Do Spás (UBU), lena n-áirítear téarmaí an chomhaontaithe seirbhíse. Faoin gCreat Feidhmíochta agus Maoirseachta Rannpháirtíochta, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar bhuiséid de réir rialacha na scéime. | Leanann Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath de thacú le heagraíochtaí maoinithe chun riachtanais rialachais a chomhlíonadh faoin scéim UBU, lena n-áirítear téarmaí an chomhaontaithe seirbhíse. Ina theannta sin, leanann Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn agus ar bhuiséid i gcomhréir leis an gCreat Feidhmíochta agus Maoirseachta Rannpháirtíochta. Le linn 2024, rinne BOO Chathair Bhaile Átha Cliath athbhreithniú ar 47 Samhail Lóighce agus chomhaontaigh siad iad. Chiallaigh sé sin gur tionóladh 47 cruinniú agus cruinnithe faisnéise an Bhoird Bainistíochta maidir le Timthriall a dó, agus reáchtáladh 44 cruinniú pleanála agus athbhreithnithe ar dhul chun cinn. Ina theannta sin, rinneadh 42 cruinniú pleanála agus athbhreithnithe ar dhul chun cinn (dara 2024) agus cuireadh tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn isteach. Cuireadh 21 cuntas iniúchta isteach in am faoin 28 Meitheamh. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Déanfar athbhreithnithe airgeadais agus rialachais i roinnt tionscadal atá maoinithe faoin scéim UBU. | ▪ Roghnaíodh roinnt eagraíochtaí maoinithe mar chuid d'Athbhreithniú Airgeadais agus Rialachais 2024 faoin scéim UBU.<br>▪ Sa chéad ráithe, cuireadh cúig eagraíocht mhaoinithe roghnaithe ar an eolas faoi Athbhreithniú Airgeadais agus Rialachais 2024 agus tá tús curtha leis an obair.<br>▪ Sa dara ráithe, rinneadh 42 cruinniú pleanála agus athbhreithnithe ar dhul chun cinn (dara 2024) agus cuireadh tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn isteach. 21 cuntas iniúchta curtha isteach i mí an Mheithimh. Athbhreithnithe Airgeadais agus Rialachais UBU: dhá thuarascáil iomlána agus deiridh eisithe, tuarascáil iomlán amháin agus dréacht-tuarascáil amháin eisithe, dhá shaothar allamuigh ar siúl faoi láthair. |
| Dearbhuithe a sholáthar do dheontóirí maidir le scéimeanna maoinithe éagsúla a riartar. | ▪ Roghnaíodh roinnt grúpaí óige mar chuid d'Athbhreithniú Airgeadais agus Rialachais 2024. Ghlac na grúpaí sin páirt san athbhreithniú.<br>▪ Sa dara ráithe, tá obair allamuigh eagraíochta maoinithe amháin ar siúl, agus ceithre obair athbhreithnithe beartaithe do mhí Lúnasa/Mheán Fómhair.<br>▪ Sa tríú ráithe, eisíodh tuarascáil chríochnaithe amháin agus dréacht-tuarascáil amháin. Obair allamuigh ar siúl sa tríú ráithe.<br>▪ Cuireadh tús le cruinnithe le heagraíochtaí agus athbhreithniú sa tríú ráithe freisin. |

## SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn)

| Sprioc | Éacht(aí) |
| --- | --- |
| Leanúint de bheith ag tógáil SUSI mar eagraíocht atá dírithe ar mhic léinn agus ar chustaiméirí. | ▪ Riaradh Scéim um Dheontais Mac Léinn 2024 a fuair breis is 100,000 iarratas.<br>▪ Riaradh an Scéim nua Táillí Páirtaimseartha do Mhic Léinn do Chúrsaí Fochéime Sonraithe a chuir maoiniú ar fáil do mhic léinn pháirtaimseartha den chéad uair.<br>▪ Riaradh próiseáil iomlán na n-iarratas agus na n-íocaíochtaí uile do Sparánacht 1916.<br>▪ Riaradh an Scéim Tacaíochta Mac Léinn d'Iarrthóirí Tearmainn 2024 agus an Scéim Sparánachta Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta do Dhaoine Easáitithe (Úcráin) 2024.<br>▪ Leanadh de thacú le mic léinn agus leis an bpobal i gcoitinne trí Dheasc Chabhrach SUSI. Réitigh na gníomhairí tacaíochta tiomnaithe ceisteanna ar an bhfón, ríomhphost agus na meáin shóisialta. Leanadh de chomhaontuithe seirbhíse a chomhlíonadh i rith na bliana, lena n-áirítear freagra ar 70% de na glaonna laistigh de 30 soicind, freagra ar 95% de ríomhphoist laistigh de dhá lá oibre ón uair a fuarthas iad agus freagra ar 95% de theachtaireachtaí meán sóisialta laistigh de lá oibre amháin ó dháta a fuarthas iad.<br>▪ Forbraíodh agus cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann Deisce Cabhrach, a dhírigh ar aistear an mhic léinn.<br>▪ Leanadh de thacú le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe poiblí, comhairleoirí treorach agus oifigigh USI trí Dheasc Chabhrach tiomnaithe do Pháirtithe Leasmhara. Cuireadh seisiúin oiliúna agus faisnéise ar fáil do bhreis is 280 páirtí leasmhar.<br>▪ Cuireadh oiliúint páirtithe leasmhara ar fáil don Ghrúpa Oibre Teicniúil.<br>▪ Bhuail siad le Grúpa Comhairleach SUSI, ina bhfuil ionadaithe ó 16 eagraíocht, chun nuashonruithe a chomhroinnt agus aiseolas a fháil.<br>▪ Leanadh de chruinnithe an ghrúpa athbhreithnithe oibríochtúil agus de chruinnithe an ghrúpa athbhreithnithe straitéisigh leis an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE). |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Chun ár gcustaiméirí a thuiscint. | ■ Sheol siad suirbhéanna um shástacht custaiméirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais seirbhíse na mac léinn. Díríodh leis na suirbhéanna ar dhá aistear custaiméirí – an Fhoirm Iarratais agus glaonna chuig an Deasc Chabhrach.<br>■ Rinne siad Staidéar ar Bhraistint an Phobail chun tuiscint níos fearr a fháil ar fheasacht branda agus ar mheon an phobail i leith an bhranda. |
| Chun eispéireas agus aistear den scoth a chruthú do chustaiméirí. | ■ Cuireadh faisnéis agus nuashonruithe ar fáil trí bhealaí SUSI féin, lena n-áirítear an suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta. Cuireadh roinnt feachtas faisnéise saincheaptha ar fáil chun feasacht a spreagadh i measc mac léinn agus páirtithe leasmara ar phríomhábhair, lena n-áirítear an feachtas deiridh tosaíochta, lenar méadaíodh feasacht ar na dátaí deiridh tosaíochta. Tacaíodh leis sin le feachtas fógraíochta ar fud na tíre i mBéarla agus i nGaeilge, le caidreamh leis na meáin agus trí úsáid a bhaint as a gcuid bealaí cumarsáide féin.<br>■ Cuireadh clár for-rochtana ar fáil ionas go bhféadfadh ambasadóirí SUSI bualadh leis na mic léinn, a dteaghlaigh agus a múinteoirí ag imeachtaí ar fud na tíre agus go bhféadfaidís faisnéis a sholáthar faoi na critéir cháilitheachta agus faoin bpróiseas iarratais.<br>■ Feabhsaíodh an t-eispéireas úsáideoirí ar shuíomh gréasáin SUSI trí fheidhmiúlacht chuardaigh a chur leis. |
| Chun 'digiteach' a sheachadadh de réir réamhshocraithe. | ■ Forbraíodh ardán iarratais do Sparánacht 1916 a chuir ar chumas iarratasóirí an próiseas iarratais a chomhlánú go digiteach. Glacadh le DevOps do gach clár saolré forbartha bogearraí. Cuireadh cláir oiliúna dhigiteacha ar fáil nuair is iomchuí. |
| Chun claochlú digiteach a dhéanamh. | ■ Aistríodh ardán iarratais na mac léinn chuig an néal. |
| Chun leas éifeachtach a bhaint as sonraí. | ■ Cothaíodh caidrimh atá ann cheana féin le príomh-chomhpháirtithe sonraí.<br>■ Forbraíodh malartú sonraí API leis na Coimisinéirí Ioncaim chun éifeachtúlachtaí breise a thógáil sa phróiseas measúnaithe. Comhoibríodh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun taighde dar teideal *Education and Other Outcomes for SUSI Support Recipients 2012-2022* a chur i gcrích.<br>■ Comhoibríodh leis an Údarás um Ard-Oideachas chun taighde dar teideal *Student Grant Recipients: A Collaborative Data Analysis* a chur i gcrích.<br>■ Glacadh páirt i ngrúpa taighde earnála RBATNE. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Chun an dearadh eagraíochta is fearr is féidir a chruthú. | ▪ Cuireadh acmhainní ar fáil do SUSI lena chinntiú go raibh dóthain foirne ag an eagraíocht chun freastal ar riachtanais ghnó atá ag athrú i gcónaí.<br>▪ Bainistíodh an Deasc Chabhrach lena chinntiú go raibh dóthain acmhainní ann chun freastal ar an éileamh.<br>▪ Cuireadh próisis chuíchóirithe chun feidhme lena chinntiú go ndearnadh measúnú ar iarratais i gcomhréir leis an reachtaíocht agus an taithí is fearr is féidir á cothabháil ag an am céanna do mhic léinn. |
| Chun tacú le dea-shampla d'ionad oibre. | ▪ Bronnadh deimhniú óir sa scéim Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe ó NSAI don dara bliain as a chéile.<br>▪ Glacadh páirt i nGrúpa Oibre um Dhualgais Earnála Poiblí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.<br>▪ Cuireadh cúrsaí comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe leis an siollabas LinkedIn Learning.<br>▪ Leanadh den chaidreamh leis an bhFóram Foirne, lena n-áirítear baill nua.<br>▪ Cuireadh Fóram Nuálaíochta ar bun chun nuálaíocht san ionad oibre a spreagadh.<br>▪ Leanadh de shamhail na hoibre cumaisc.<br>▪ Tacaíodh le rannpháirtíocht agus freastal comhghleacaithe ar raon leathan cúrsaí oiliúna agus forbartha.<br>▪ Rinneadh Mí Forbartha Scileanna lenar spreagadh comhghleacaithe chun a gcuid scileanna a fhorbairt.<br>▪ Tugadh oiliúint Scéime agus próisis do 131 comhghleacaí<br>▪ Forbraíodh oiliúint cheannaireachta saincheaptha do bhainisteoirí meánleibhéil. |
| Chun cultúr bríomhar soiléir a chruthú. | ▪ Cuireadh roinnt tionscnamh cumarsáide inmheánaí i gcrích, lena n-áirítear cruinnithe rialta i halla an bhaile agus nuashonruithe seachtainiúla.<br>▪ Cuireadh ionduchtú ar fáil do gach comhghleacaí nua a dhírigh ar mhisean, fís agus luachanna.<br>▪ Cuireadh lá forbartha foirne ar siúl a dhírigh ar chlaochlú a spreagadh san earnáil phoiblí. |

## Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD)

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Rátaí freastail ag cruinnithe boird. | Cuireadh roghanna cruinnithe hibrideacha ar fáil do chomhaltaí an bhoird i rith 2024 chun an rannpháirtíocht is mó is féidir a éascú. I gcomhréir le ceanglais an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, bunaíodh Bord 'nua' i mí Mheán Fómhair 2024 i ndiaidh Thoghcháin Áitiúla 2024. Bhí na meánrátaí tinrimh don bhord tosaigh in 2024 agus don bhord 'nua' in 2024 ard fós, ag 69% agus 86% faoi seach. |
| Saineolas airgeadais ar an gcoiste iniúchóireachta agus airgeadais. | Tá an saineolas airgeadais riachtanach ag comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus an Choiste Airgeadais chun a ndualgais a chomhlíonadh. I gcomhréir le ceanglais an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, bunaíodh coistí 'nua' Iniúchóireachta agus Riosca, agus Airgeadais i ndiaidh bhunú an Bhoird nua, agus arís tá siad comhdhéanta de chomhaltaí atá cáilithe go cuí. |
| Athbhreithniú bliantúil ar thacar scileanna agus féinmheasúnú ar gach coiste. | Coiste nua i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2024, agus an chéad chruinniú ar siúl sa cheathrú ráithe de 2024. |
| Breithmheas an Bhoird ar an obair a rinne an Roinn Airgeadais agus Coistí Iniúchóireachta agus Riosca. | Chuir an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuarascálacha rialta ar fáil don Bhord i rith na bliana. |
| Forbairt foirne. | Cuireadh clár iomlán de dheiseanna forbartha ar fáil don fhoireann i rith 2024. Le féilire míosúil imeachtaí, cuireadh go leor deiseanna oiliúna digiteacha agus ar líne ar fáil, lena n-áirítear tríd an ardán LinkedIn Learning a seoladh in 2024. Bhí cur chuige réamhghníomhach i mbliana freisin maidir le húsáid na meán sóisialta i rith 2024 chun dea-chleachtas a chur chun cinn agus a cheiliúradh agus sreabhadh faisnéise a choinneáil ar fud na heagraíochta. |
| Spriocdhátaí tuairiscithe roinne. | Bhaineadh spriocdhátaí roinne amach i rith na bliana de réir mar is gá. |
| Beartas bainistíochta riosca. | Leanadh de chur chun feidhme an bheartais agus na nósanna imeachta maidir le Bainistíocht Riosca in BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i rith 2024. In R4 2024, d'fhormheas an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord araon an Plean Bainistíochta Riosca, an Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus luaigh siad an Beartas Bainistíochta Riosca. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Rialuithe inmheánacha chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí reachtúla agus rialála. | Tá rialuithe inmheánacha láidre i bhfeidhm agus tuarascálacha rialta á dtabhairt do na coistí. Cuireadh na Ráitis Airgeadais agus an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach i láthair agus formheasadh iad sa chéad ráithe de 2024. |
| Feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach agus seachtrach. | ▪ Leanann an rannóg cumarsáide de bheith ag spreagadh ionaid chun í a choinneáil cothrom le dáta maidir le hábhar an tsuímh ghréasáin.<br>▪ Cuireadh feidhm an bharra cuardaigh chun feidhme ar an suíomh gréasáin - bhí sé ar fáil in R2.<br>▪ Tá méadú tagtha ar na meáin shóisialta ar fud na mbealaí go léir. Mhéadaigh freastal ar Facebook faoi 47% sa tríú ráithe.<br>▪ Cuirtear tuarascálacha ráithiúla ar staitisticí na meán sóisialta agus na suíomhanna gréasáin faoi bhráid na foirne sinsearaí ceannaireachta.<br>▪ Rinneadh scannánú chun físeán corparáideach nua 'faoi BOO Chathair Bhaile Átha Cliath' a chruthú in R3, agus seolfar é sin in R1 2025.<br>▪ Cuireadh togra maidir le nuachtlitir faoi bhráid na foirne sinsearaí ceannaireachta sa tríú ráithe. Táthar ag súil go seolfar an chéad eagrán in R1 2025.<br>▪ Cuireadh feachtas cruthaitheach nua i bhfeidhm do Choláiste FET Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Lúnasa/Mheán Fómhair - ar scáthláin bus taobh amuigh, in The Irish Times, ar na meáin shóisialta agus ar an raidió. Cruthaíodh achoimre PowerPoint ar an bhfeachtas don fhoireann shinsearach ceannaireachta. Tá freastal Facebook suas faoi 47%, tá freastal Instagram suas faoi 20.0K% (i gcomparáid le R2). Ba é feachtas meán sóisialta FET ba chúis leis an méadú mór ar fhreastal ar Meta in R2. In R3 bhí méadú 7.5% ar líon iomlán na ndaoine a d'fhéach ar shuíomh gréasáin BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.<br>▪ Buaileann an t-oifigeach cumarsáide le grúpa Líonra Cumarsáide BOO Chathair Bhaile Átha Cliath chun nuashonruithe a thabhairt.<br>▪ D'fhormheas an fhoireann shinsearach ceannaireachta prótacal caidrimh leis na meáin agus prótacal imeachtaí in 2024 agus comhroinneadh iad le ceannairí na n-ionad go léir.<br>▪ Bunaíodh Sharepoint Cumarsáide mar óstach le haghaidh sócmhainní meán amhail lógónna, teimpléad PowerPoint, agus treoir stíle. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cur leis an gcaidreamh atá ag páirtithe leasmhara faoi láthair. | Bhí rannpháirtíocht iomlán i ngrúpaí oibre BOOÉ i rith na bliana thar réimse leathan disciplíní. |
| Forbairt Foirne: Sláinte & Sábháilteacht. | Cuireadh réimse leathan oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil i rith na bliana, lena n-áirítear Láimhsiú Sábháilte, Sláinteachas Bunúsach, an Chéad Fhreagróir, Cosc agus Bainistiú Foréigin agus Ionsaithe HASAP, Oiliúint Maor Dóiteáin, agus Daoine a Bhogadh agus a Láimhsiú. In R4, seoladh suirbhé ar oiliúint sláinte agus sábháilteachta don fhoireann go léir chun riachtanais oiliúna do 2025 a shainaithint. |
| Forbairt Foirne AD. | Leanadh d'Oiliúint FGL do bhaill fhoirne neamhacadúla/teagaisc i rith 2024.<br><br>Chuathas i mbun oibre leis an Aonad Forbartha Curaclaim chun oiliúint FGL chuí a aimsiú agus cuireadh oiliúint Core Portal ar fáil do gach ball foirne agus bainisteoir. |
| Forbraíodh SharePoint chun S&S agus Árachas a chlúdach. | Leanadh den obair ar an tionscadal sin i rith na bliana agus bunaíodh grúpa oibre. Tá togra á fhorbairt le haghaidh aistriú iomlán inlíon go réiteach néal SharePoint, lena n-áirítear moil eolais théamacha/roinne. |
| Na gráid agus líon cuí foirne a fhostú chun an tacaíocht is fearr is féidir a thabhairt don scéim. | Leanadh de thosaíocht a thabhairt d'fholúntais agus iad a líonadh go tráthúil i rith na bliana. Bhí dúshláin ann maidir le poist mhúinteoireachta a líonadh. |
| Forbairt Chaipitil; Foirgnimh agus bonneagar ardchaighdeáin a chur chun cinn do gach ball foirne agus foghlaimeoir. Maoinithe ag SOLAS. | Tá aistriú Coláiste Chill Easra FET go Sráid Marlborough/Teach Uí Chonghaile críochnaithe anois i ndiaidh oibreacha athchóirithe. Suiteáladh 2 ardaitheoir nua i bhfoirgneamh 8 stór ar Shráid Marlborough i mí Mheán Fómhair 2024. Tá an tionscadal caipitil á dhúnadh anois agus tá obair ar siúl ar an gcuntas deiridh.<br><br>Campas Chathail Brugha. Tá an Réamh-Chás Gnó á chur i gcrích le haghaidh chríochnú an mórthionscadail athchóirithe i bhFoirgneamh bunaidh Shráid Chathail Brugha (an Coláiste Lónadóireachta roimhe seo). Déanfar na hoibreacha athchóirithe atá beartaithe ar chodanna den fhoirgneamh ó na 1960í agus na 1930í araon. Is obair atá idir lámha í seo idir Stiúrthóir Claochlaithe agus Eolais FET agus an tOifigeach Foirgneamh.<br>Tá an rannpháirtíocht le SOLAS ag dul ar aghaidh agus ceapadh Foireann Cúnaimh Theicniúil i mí Dheireadh Fómhair 2024.<br>An Ciste um Uasghrádú ar Bhonneagar Straitéiseach, Coláiste Inse Chór: Tá an Fhoireann Deartha ceaptha, agus tá obair ag dul ar aghaidh i dtreo Cruinniú Bailíochtaithe Achomair riachtanach le SOLAS/RBATNE. Tá na chéad Suirbhéanna Tomhaiste, Fóntais, Topagrafacha agus Geoiteicniúla ar an suíomh críochnaithe. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| | Tá an ceapachán Cúntóra Bainistíochta Tionscadail FET críochnaithe agus d'fhormheas SOLAS na seirbhísí sin a shíneadh go dtí 2025.<br><br>Coláiste Breisoideachais Choláiste Dhúlaigh (Cúirt an Bharraigh, an Chúlóg) – Rochtain Uilíoch agus Síneadh Ardaitheora: Tá an Príomhchonraitheoir ceaptha agus tá tús curtha leis an obair ar an láthair agus táthar ag súil go seachadfar í in R3 2025.<br><br>Coláiste Breisoideachais Choláiste Dhúlaigh (an Gleanntán Glas, Cill Bharróg): Tá an fhoireann deartha ceaptha le haghaidh oibreacha athchóirithe ar dhíon an Halla Spóirt agus ar an ngloiniú ardleibhéil. Tá an obair ar an Tuarascáil nuashonraithe ar Chostais Dearaidh agus Tionscadail ag dul ar aghaidh.<br><br>Cuireadh dhá Léiriú Spéise faoi bhráid SOLAS le haghaidh tionscadal píblíne Mionoibreacha < 900k ag Coláiste Breisoideachais Choláiste Dhúlaigh (An Chúlóg) agus Coláiste Breisoideachais na Saoirsí (Scabhat Mharcais). |
| Forbairt Chaipitil; Foirgnimh agus bonneagar ardchaighdeáin a chur chun cinn do gach ball foirne agus foghlaimeoir. - Maoinithe ag an RO. | Coláiste Pobail na Toirbhearta, Tír an Iúir: I ndiaidh tuarascáil ar Dhearadh Céim 1a a chur isteach le haghaidh síneadh mór ar an scoil, d'fhormheas an Roinn an tionscadal chun leanúint ar aghaidh go Céim 2A (Réamhphleanáil). Tá an rannpháirtíocht leis an bhFoireann Deartha ar siúl agus táthar ag súil go mbeidh Céim 2A críochnaithe in R3 2025.<br><br>Tionscadal Síneadh Mór Choláiste Pobail na Cabraí: Tá ullmhú tairisceana na Foirne Deartha Ildisciplíneach ar bun agus táthar ag súil go gceapfar an Fhoireann Deartha in R1 2025.<br><br>Pobalscoil Speisialta - An Cosán (Gráinseach Ghormáin): Críochnaíodh Céim 1 den obair athchóirithe agus osclaíodh an scoil in R2 2024: Tá formheasadh na Roinne d'oibreacha Chéim 2 faighte. Tá rannpháirtíocht leis an Roinn ag dul ar aghaidh maidir le clárú na n-oibreacha do Chéim 2. Táthar ag súil go dtosóidh na hoibreacha in R1 2025 agus go mbeidh siad críochnaithe in R3 2025.<br><br>Iar-bhunscoil Coláiste Dhúlaigh – oibreacha athchumraíochta RSO: Tá an tionscadal críochnaithe, tá an Cuntas Deiridh comhaontaithe agus tá rannpháirtíocht ag dul ar aghaidh leis an Roinn chun é a chríochnú.<br><br>Máistirphleanáil Láithreáin Fhionnbhrú: Tá an rannpháirtíocht ag dul ar aghaidh leis an Roinn agus leis an bhFoireann Deartha Imlínigh, agus tá na Doiciméid Tairisceana faighte. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Inbhuanaitheacht agus laghdú ar úsáid fhuinnimh (Fuinneamh). | Leanúint d'obair a dhéanamh chun a chinntiú go gcuireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath í féin in áit mhaith chun aghaidh a thabhairt ar Dhúshláin an Ghníomhaithe ar son na hAeráide. Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl i mbliana le córas monatóireachta agus tuairiscithe (M&R) SEAI chun aistriú chuig Ardán M&R nua SEAI a éascú.<br><br>Rinne an fhoireann shinsearach ceannaireachta athbhreithniú ar Threochlár BOO Chathair Bhaile Átha Cliath don Ghníomhú ar son na hAeráide, tá Bearna go Sprioc ón SEAI críochnaithe agus tá na príomhdhúshláin sainaitheanta agus cainníochtaithe.<br><br>Is comhaltaí gníomhacha de Ghrúpa BOO Chathair Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar son na hAeráide agus beidh siad ag obair le BOOÉ i rith 2025 chun leas a bhaint as acmhainní Bhiúró Fuinnimh BOO atá beartaithe.<br><br>Tá leithdháileadh nua Caipitil Cineachta Glas SOLAS faighte ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus beidh siad ag obair le SOLAS i rith 2025 lena chinntiú go gcaithfear an leithdháileadh sin go hiomlán agus go ndíreofar é ar Thionscadail Inbhuanaitheachta agus Ghníomhaithe ar son na hAeráide. |
| Cur chun feidhme Thionscadal Comhdhlúthaithe Airgeadais BOO Chathair Bhaile Átha Cliath - Ceannach go hÍocaíocht & Uasghrádú SUN. | Chuir Roinn Airgeadais BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, mar aon le foireann tionscadail Sheirbhísí Comhroinnte Párolla Ardoideachais agus díoltóirí córais córas nua Ceannach go hÍocaíocht (P2P) i bhfeidhm go rathúil agus chuir siad córas FMS SUN V6.4 nuashonraithe i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. Bhí próiseáil íocaíochtaí Cuntais Iníoctha ann go minic agus go rathúil i mbliana agus bhí rannpháirtíocht dhearfach ann leis na soláthraithe trádála. Thug an fhoireann tionscadail airgeadais ag an gCeannoifig tacaíocht ghníomhach d'úsáideoirí agus do cheadaitheoirí ar fud na heagraíochta ó chian agus i láthair go pearsanta araon. Bhí cruinnithe seachtainiúla na foirne tionscadail ar siúl chun aon saincheisteanna nó aiseolas a d'ardaigh úsáideoirí a shainaithint lena chinntiú go ndéantar iad a réiteach. Bhí agus tá athbhreithniú leanúnach déanta ar na próisis a bhaineann leis na córais nua. Cuireadh plean oiliúna i bhfeidhm do bhaill fhoirne nua. Tá cur chun feidhme rathúil uasghrádú P2P agus SUN bogtha go Gnó mar is Gnách anois agus tá sé fite fuaite go hiomlán san eagraíocht. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar phróisis agus rialuithe i gcónaí chun dea-chleachtas a chinntiú agus foirne Ceannaigh agus Creidiúnaithe ag obair go dlúth le chéile. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cur chun feidhme Thionscadal Comhdhlúthaithe Airgeadais BOO Chathair Bhaile Átha Cliath - modúil bhreise Ionad Oiliúna (SAP go SUN). | Cuireadh na príomhghnéithe a foghlaimíodh ó chur chun feidhme P2P/SUN in R1 2024 i bhfeidhm ar an gcéad chéim eile den fheidhmiú céimneach ar fud an dá ionad oiliúna. Cuireadh tús le pleanáil chun P2P agus SUN araon a chur chun feidhme sa dá ionad oiliúna i mí an Mhárta 2024 agus tá sé beartaithe é a chur chun feidhme in R3 de 2024.<br><br>Cuireadh P2P, an modúl Oiliúna ar Chonradh agus an córas FMS Sun uasghrádaithe chun feidhme sa dá Ionad Oiliúna laistigh den dáta éifeachtach comhaontaithe, an 1 Iúil 2024. Thug an fhoireann tionscadail airgeadais sa Cheannoifig tacaíocht ghníomhach d'úsáideoirí agus do cheadaitheoirí sa dá ionad ó chian agus i láthair go pearsanta araon. Bhí cruinnithe seachtainiúla na foirne tionscadail ar siúl chun aon saincheisteanna nó aiseolas a d'ardaigh úsáideoirí a shainaithint lena chinntiú go ndéantar iad a réiteach. Bhí athbhreithniú leanúnach déanta ar na próisis a bhaineann leis na córais nua i rith na bliana. Tá an dá ionad ag baint úsáid ghníomhach as an gcóras P2P anois le haghaidh orduithe. Tá sonraisc an Ionaid Oiliúna á bpróiseáil go rathúil anois trí Chuntais Iníoctha sa Cheannoifig.<br><br>Tá cur chun feidhme rathúil SAP go SUN agus Oiliúint ar Chonradh bogtha go Gnó mar is Gnách anois agus tá sé fite fuaite go hiomlán san eagraíocht. Táthar ag leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus ar rialuithe i gcomhar le Siopaí Ionad Oiliúna agus bainisteoirí chun dea-chleachtas a chinntiú. Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ar riachtanais oiliúna freisin. |
| Cosaint éifeachtach sonraí a chinntiú. | Bhí béim láidir i rith 2024 ar fheidhmiú céimneach oiliúna ar líne ar Chosaint Sonraí don fhoireann go léir, mar aon le hoiliúint spriocdhírithe do cheannairí. Cuireadh tús le hoiliúint ar líne tríd an ardán Privacy Engine i mí Mheán Fómhair 2024. Faoi dheireadh na bliana, bhí oiliúint críochnaithe ag thart ar 900 ball foirne, agus tá an próiseas ionduchtaithe ag dul ar aghaidh. Rinne an tOifigeach Cosanta Sonraí oiliúint spriocdhírithe do cheannairí a chur ar fáil do: Phríomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha Scoile, Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha FET agus ceannairí FET eile in R3. |
| Bainistíocht riosca | Leanadh de chur chun feidhme an phlean bainistíochta riosca i rith 2024. Tugadh tacaíocht, lena n-áirítear cuairteanna ar shuíomhanna, do na hionaid chun cabhrú le cláir riosca áitiúla a chur i gcrích. |
| Ardán Earcaíochta Ar Líne (The Hire Lab) AD | Tá na róil uile a bhí sceidealaithe le cur i bhfeidhm ar an ardán ar líne in 2024 beo faoi láthair. Déanfar athbhreithniú ar phoist eile sa chéad ráithe de 2025 chun féidearthacht a fháil amach. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Pinsean & Cuntas Pá Scéim Aonair AD | Shínigh an bhainistíocht an tuarascáil ar chomhaireamh na foirne agus sonraí pá do gach ball den Scéim Aonair ó 2013 go 2023 i mí Dheireadh Fómhair 2024. Idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2024, bhain BOO Chathair Bhaile Átha Cliath sprioc shuntasach amach i gcomhlíonadh a scéime pinsin Seirbhís Phoiblí Aonair, agus baineadh comhlíonadh 75% amach trí 1,800 ráiteas sochair a eisiúint go rathúil do bhaill incháilithe. |
| Chun an Tuairisciú Airgeadais Dliteanas Pinsin agus reachtaíocht pinsin AD a chomhlíonadh. | Mar chuid dár ngealltanas leanúnach chun comhlíonadh a chinntiú, tá taifid seirbhíse inphinsin 524 ball foirne curtha isteach go rathúil againn in Core HR, is é sin, 33% den iomlán sonraí atá ag teastáil do na scéimeanna pinsin oidhreachta. Leanfaimid d'oibriú i dtreo an t-ionchur sonraí iomlán a chríochnú chun na caighdeáin riachtanacha a chomhlíonadh chun an tuarascáil dliteanais pinsean a tháirgeadh agus tá acmhainní breise á leithdháileadh in 2025 chun cabhrú leis seo a bhaint amach. |
| Comhlíonadh prionsabal um Chosaint Sonraí | ▪ Tosaíodh obair ar ROPA in Q3 tríd an measúnú aibíochta. Úsáideadh ceithre ionad (scoil amháin, Coláiste FET amháin, Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath, agus an Cheannoifig) mar shuíomhanna 'tástála' chun bonnlíne a fhorbairt.<br>▪ Cuireadh tús le hoiliúint Privacy Engine i mí Mheán Fómhair 2024. Faoi dheireadh ráithe a trí 2024, bhí 2,250 ball foirne ionduchtaithe ar an ardán (thart ar 1,000 fágtha). Rinne an tOifigeach Cosanta Sonraí oiliúint spriocdhírithe do cheannairí a chur ar fáil do: Phríomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha Scoile, Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha FET agus ceannairí FET eile ag deireadh ráithe a trí. Déanfar oiliúint ar an lucht riaracháin agus ar cheannairí Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath in R4. Tá measúnú aibíochta tosaithe ag saincomhairleoirí agus ghlac ceithre ionad páirt i dtástáil tosaigh chun bonnlíne a fhorbairt. |
| Rialachas éifeachtach agus éifeachtúil ar fud BOO. | I rith 2024, chomhlíon Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0002/2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna go dtí an 24 Samhain 2024, agus an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna 2024, Ciorclán 0083/2024 na Roinne Oideachais agus Scileanna ón 25 Samhain 2024 ar aghaidh.<br><br>I gcomhréir le ceanglais an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, bunaíodh Bord agus coistí nua i mí Mheán Fómhair 2024 i ndiaidh Thoghcháin Áitiúla 2024. Bhí toghcháin foirne BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar siúl i mí na Bealtaine 2024 chun ionadaí foirne fireann amháin agus baineann amháin a thoghadh ar an mbord. |

| Sprioc | Éacht(aí) |
|---|---|
| Cibearshlándáil TF/CS | Chun freastal ar riachtanais Bhunchaighdeán Cibearshlándála na hEarnála Poiblí, tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath i mbun Córas Bainistíochta Slándála Faisnéise a chur chun feidhme. Tá sé sin á chur i gcrích le tacaíocht ó Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí BOO agus Kosi. Réachtáladh cruinnithe foirne rialta i rith 2024 chun cur chun feidhme an Chórais Bainistíochta Slándála Faisnéise a chur chun cinn. Rinneadh iniúchadh ar an dul chun cinn agus bhí na torthaí sásúil. |
| Athbhreithniú ar Phlean Soláthair Chorparáidigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus nuashonrú ar Phlean Soláthair Ilbhliantúil | Críochnaíodh Plean Soláthair Chorparáidigh 2024 agus an Plean Soláthair Ilbhliantúil in 2024 agus d'fhormheas an Príomhfheidhmeannach iad. |

City of Dublin
Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-Funded by the European Union

SOLAS
learning works

etbi
Education and Training Boards Ireland
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann